Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Samhain 2020**
**(OR. en)**

**12725/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0102(COD)**

**CODEC 1148**
**SAN 403**
**PHARM 51**
**MI 483**
**CADREFIN 376**
**IA 84**
**PE 81**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le clár a bhunú do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte don tréimhse 2021-2027 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 ('Clár EU4Health')<br>– Toradh imeachtaí Pharlaimint na hEorpa<br>(an Bhruiséil, an 11 go dtí an 13 Samhain 2020) |

## I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Cristian-Silviu BUŞOI (EPP, RO) tuarascáil, thar ceann an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ina bhfuil 219 leasú (leasuithe 1-219) ar an togra thuasluaite le haghaidh rialacháin.

Ina theannta sin, thíolaic Grúpa Renew 4 leasú (220-223); thíolaic Grúpa S&D 6 leasú (224-229); thíolaic Grúpa GUE/NGL 10 leasú (230-239); thíolaic Grúpa ECR 9 leasú (240-248); agus thíolaic Grúpa EPP 3 leasú (249-251).

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil an suí iomlánach an 12 agus an 13 Samhain 2020, ghlac sé 224 leasú (1-59, 62, 64-71-246, 73-119, 121-219, 222-223, 226-229, 245, 249-251) ar an togra le haghaidh rialacháin. Níor glacadh aon leasú eile. Leagtar amach san iarscríbhinn na leasuithe a glacadh.

Ag deireadh na vótála an 13 Samhain 2020, cuireadh an togra ar ais chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, de bhun Riail 59(4) de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa, rud a d'fhág nár cuireadh clabhsúr ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa agus gur cuireadh tús leis an gcaibidlíocht leis an gComhairle.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**
**(13.11.2020)**

# Clár do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte don tréimhse 2021-2027 ("Clár EU4Health") ***I

**Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 13 Samhain 2020 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clár a bhunú do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte don tréimhse 2021-2027 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 ("Clár EU4Health") (COM(2020)0405 – C9-0152/2020 – 2020/0102(COD))**[1]

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

---

**1** Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 59(4), an ceathrú fomhír (A9-0196/2020).

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) De réir Airteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, beidh sé d'aidhm ag an Aontas éagothromaíochtaí idir fir agus mná a dhíchur agus comhionannas eatarthu a chur chun cinn, ag bunú phrionsabal an phríomhshruthaithe inscne.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) I gcomhréir le hAirteagail 9 ***agus*** 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus Airteagal 35 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt), tá ardleibhéal cosanta le haghaidh shláinte an duine le háirithiú agus beartais agus gníomhaíochtaí uile an Aontais á sainiú agus á gcur chun feidhme. | (2) I gcomhréir le hAirteagail 9***, 114, 168, agus 191*** den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus Airteagal 35 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt), tá ardleibhéal cosanta le haghaidh shláinte an duine le háirithiú agus beartais agus gníomhaíochtaí uile an Aontais á sainiú agus á gcur chun feidhme. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Foráiltear le hAirteagal 168 de CFAE go bhfuil sé de dhualgas ar an Aontas beartais sláinte náisiúnta a chomhlánú agus tacú leo, comhar idir na Ballstáit a spreagadh agus comhordúchán idir a gcláir a chur chun cinn, ag urramú go hiomlán dó freagrachtaí ***na*** mBall***stát*** as a ***mbeartais*** sláinte ***a shainiú*** agus as seirbhísí sláinte agus cúram sláinte ***a eagrú agus a sholáthar***. | (3) Foráiltear le hAirteagal 168 de CFAE go bhfuil sé de dhualgas ar an Aontas beartais sláinte náisiúnta a chomhlánú agus tacú leo, comhar idir na Ballstáit***, go háirithe sna réigiúin teorann,*** a spreagadh agus comhordúchán idir a gcláir a chur chun cinn, ag urramú go hiomlán dó freagrachtaí ***gach*** Ball***stáit*** as a mbeartas sláinte ***féin a shainiú agus*** as seirbhísí sláinte agus cúram sláinte ***a eagrú, a sholáthar agus a bhainistiú***. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) An 11 Márta 2020, dhearbhaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) gurbh é a bhí i ráig úrnua an choróinvíris ***(COVID-19***). paindéim dhomhanda. Is í an phaindéim ***sin ba*** cúis le géarchéim sláinte dhomhanda nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe as ar eascair iarmhairtí socheacnamaíocha fíordhíobhálacha agus fulaingt an duine. | (5) An 11 Márta 2020, rinne an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO)***, mar gheall ar mhéadú easpónantúil cásanna, COVID-19 (an galar a d'eascair as*** an gcoróinvíreas nua ***SARS-CoV-2***), ***agus an galar riospráide a ghabhann leis*** a dhearbhú mar ráig de phaindéim dhomhanda. Maidir le paindéim ***COVID-19 agus go sonrach na cásanna ó mheasartha go trom den ghalar a bhfuil gá acu le cúram míochaine idirmheánach agus dian, chuir siad córais sláinte éagsúla go dtí an brisphointe laistigh den Aontas agus lasmuigh de, agus*** ba iad ba chúis le géarchéim sláinte gan fasach ar fud an domhain le hiarmhairtí socheacnamaíocha troma agus fulaingt don duine***, ag bualadh daoine go trom le riochtaí ainsealacha, iad ina gcúis le bás anabaí agus le riochtaí ainsealacha araon, agus is iad na daoine is leochailí, othair, mná, leanaí, cúramóirí agus*** |

***daoine scothaosta is troime a buaileadh. Léiríonn déine na géarchéime freisin an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht an Aontais agus freagairt go leormhaith ar bhagairtí a thagann ó ghalair thógálacha, agus go ginearálta gníomhaíochtaí an Aontais a neartú chun beartais náisiúnta i réimse na sláinte poiblí a chomhlánú.***

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) Is mná den chuid is mó iad na hoibrithe cúraim sláinte, a bhí bunriachtanach le linn ghéarchéim COVID-19, agus bhí siad neamhchosanta ar rioscaí sláinte níos mó le linn na géarchéime.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5b) Ag cur san áireamh gur féidir éifeachtaí galair a bheith difriúil idir fir agus mná, mar is léir le COVID-19, a bhfuil ráta básmhaireachta níos airde aige i measc na bhfear, ba cheart leis an gClár go ndéanfaí staidéar ar na cúiseanna atá leis an iompar galar sin chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le paiteolaíocht, cóireáil agus leighis.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Cé gurb iad na Ballstáit atá freagrach as a mbeartais sláinte, táthar ag súil go ndéanfaidh siad an tsláinte phoiblí a chosaint de mheon na dlúthpháirtíochta Eorpaí[8]. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim leanúnach COVID-19 go bhfuil gá le gníomhaíocht dhaingean bhreise ar leibhéal an Aontais chun tacú leis an gcomhar agus leis an gcomhordú idir na Ballstáit ***chun*** feabhas a chur ar chosc agus ar rialú leathadh galar tromchúiseach daonna thar theorainneacha, chun bagairtí tromchúiseacha eile trasteorann ar an tsláinte a chomhrac agus chun sláinte agus folláine daoine san Aontas a chosaint. | (6) Cé gurb iad na Ballstáit atá freagrach as a mbeartais sláinte, táthar ag súil go ndéanfaidh siad an tsláinte phoiblí a chosaint de mheon na dlúthpháirtíochta Eorpaí[8]. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim leanúnach COVID-19 go bhfuil gá le gníomhaíocht dhaingean bhreise ar leibhéal an Aontais chun tacú leis an gcomhar agus leis an gcomhordú idir na Ballstáit***, go háirithe idir réigiúin teorann chomharsanacha, agus idir údaráis agus geallsealbhóirí ábhartha. Ba cheart leis an gcomhar*** go gcuirfí feabhas ar ***ullmhacht,*** cosc agus ar rialú leathadh ***ionfhabhtuithe agus*** galar tromchúiseach daonna thar theorainneacha***, chun táirgí a fhorbairt agus a chur ar fáil chun galair a chosc agus a chóireáil***, chun bagairtí tromchúiseacha eile trasteorann ar an tsláinte a chomhrac***,*** agus chun sláinte agus folláine ***gach*** duine san Aontas a choimirciú ***agus a fheabhsú***. ***Is í an ullmhacht an eochair chun athléimneacht i leith bagairtí sa todhchaí a fheabhsú, agus ba cheart do Bhallstáit, i bhfianaise a bhfreagrachta as cúram sláinte a sholáthar, tástálacha struis a dhéanamh ar a gcórais cúraim sláinte chun laigí a aithint agus a fhíorú go bhfuil siad ullmhaithe do ghéarchéim sláinte a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.*** |
| [8] Teachtaireacht chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta agus chuig an nGrúpa Euro maidir le freagairt eacnamaíoch chomhordaithe ar ráig COVID-19, COM(2020) 112 final an | [8] Teachtaireacht chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta agus chuig an nGrúpa Euro maidir le freagairt eacnamaíoch chomhordaithe ar ráig COVID-19, COM(2020) 112 final an |

13.3.2020. 13.3.2020.

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) Cé go bhfuil gníomhaíocht an Aontais teoranta i réimse na sláinte, ba cheart don Aontas straitéis chomhleanúnach sláinte poiblí a leanúint chun freagairt ar eipidéimí atá ann cheana agus aird á tabhairt ar shainiúlachtaí réigiúnacha agus náisiúnta agus a bheith in ann aghaidh a thabhairt ar réaltachtaí arb ábhar buartha iad agus bagairtí sláinte sa todhchaí, amhail paindéimí agus bagairtí trasteorann, lena n-áirítear frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach, sláinte an chomhshaoil agus tionchair an athraithe aeráide ar an tsláinte. Ba cheart don Aontas tacú leis na Ballstáit éagothromaíochtaí sláinte a laghdú agus clúdach sláinte uilíoch a bhaint amach, lena n-áirítear seirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe a sholáthar, aghaidh a thabhairt ar ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin grúpaí leochaileacha, mar shampla leanaí, cúram naíonán agus máthartha, daonra atá ag dul in aois, galair ainsealacha, agus galair a chosc, chun stíl mhaireachtála shláintiúil a chur chun cinn, seirbhísí coiscthe a chur chun cinn agus a gcórais sláinte a ullmhú do theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn d'fhonn leas iomlán a bhaint as an réabhlóid dhigiteach agus sineirgí á lorg acu le cláir ábhartha eile an Aontais amhail Fís Eorpach, an Eoraip Dhigiteach, clár na Saoráide um Chónascadh na hEorpa nó Clár Spáis an*** |

| | |
|---|---|
| | ***Aontais.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Is iomchuí, mar sin, Clár nua a bhunú do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte, clár ar a dtabharfar Clár EU4Health ("an Clár") don tréimhse 2021-2027. I gcomhréir le cuspóirí ghníomhaíocht an Aontais agus lena inniúlachtaí i réimse na sláinte poiblí, ba cheart don Chlár béim a leagan ar ghníomhaíochtaí a bhfuil buntáistí agus gnóthachain éifeachtúlachta iontu a eascróidh as comhoibriú ***agus*** comhar ar leibhéal an ***Aontais*** agus ar ghníomhaíochtaí a bhfuil tionchar acu ar an margadh inmheánach. | (7) Is iomchuí, mar sin, Clár nua a bhunú do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte ***poiblí***, clár ar a dtabharfar Clár EU4Health ("an Clár") don tréimhse 2021-2027. I gcomhréir le cuspóirí ghníomhaíocht an Aontais agus lena inniúlachtaí i réimse na sláinte poiblí, ba cheart don Chlár béim a leagan ar ghníomhaíochtaí a bhfuil buntáistí agus gnóthachain éifeachtúlachta iontu a eascróidh as comhoibriú ar leibhéal an ***Aontais agus as*** comhar ***trasteorann*** ar an leibhéal ***réigiúnach*** agus as gníomhaíochtaí a bhfuil tionchar acu ar an margadh inmheánach. ***Teastaíonn cur chuige iomlánaíoch chun torthaí sláinte a fheabhsú, agus ba cheart do lucht déanta beartas AE a áirithiú go gcuirtear prionsabal na 'gcúrsaí sláinte a chuimsiú i ngach réimse beartais' i bhfeidhm i ngach ceapadh beartas.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Mar gheall ar a thromchúisí atá na bagairtí trasteorann ar an tsláinte, ba cheart | (10) Mar gheall ar a thromchúisí atá na bagairtí trasteorann ar an tsláinte, ba cheart |

don Chlár tacú le bearta comhordaithe sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe éagsúla de bhagairtí den sórt sin. D'fhonn cur leis an gcumas san Aontas chun ullmhú do ***ghéarchéim*** sláinte, freagairt di agus í a bhainistiú, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacaíocht a sholáthar do na gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoi chuimsiú na sásraí agus na struchtúr a bhunaítear faoi Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus do shásraí agus do struchtúir ábhartha eile a bhunaítear ar leibhéal an Aontais. D'fhéadfaí a bheith san áireamh leis sin freisin ***soláthairtí riachtanacha leighis a stoc-charnadh go straitéiseach nó*** acmhainní a fhorbairt chun freagairt ar ghéarchéimeanna, bearta coisctheacha a bhaineann le vacsaíniú agus imdhíonadh, cláir neartaithe faireachais. Sa chomhthéacs sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, cumas na ngníomhaithe ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, chun cabhrú le cosc, ullmhacht, faireachas, bainistiú agus acmhainn freagartha na ngníomhaithe sin i dtaca le géarchéim shláinte, lena n-áirítear pleanáil theagmhasach agus cleachtaí ullmhachta, i gcomhréir leis an ***gcur chuige*** "Aon Sláinte Amháin". Ba cheart, trína bhíthin, éascaíocht a dhéanamh do chreat trasghearrthach comhtháite cumarsáide maidir le riosca a chur i bhfeidhm i ngach céim de ghéarchéim sláinte — cosc, ullmhacht agus freagairt.

[10] Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2119/98/CE (IO L 293, 5.11.2013, lch. 1).

don Chlár tacú le bearta comhordaithe sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais***, agus idir réigiúin chomharsanacha*** chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe éagsúla de bhagairtí den sórt sin. D'fhonn cur leis an gcumas san Aontas chun ullmhú ***d'aon ghéarchéimeanna*** sláinte a ***bheidh ann amach anseo***, freagairt orthu agus iad a bhainistiú, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacaíocht a sholáthar do na gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoi chuimsiú na sásraí agus na struchtúr a bhunaítear faoi Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] agus do shásraí agus do struchtúir ábhartha eile a bhunaítear ar leibhéal an Aontais. D'fhéadfaí a bheith san áireamh leis  fothú acmhainneachta chun freagairt ar ghéarchéimeanna, bearta coisctheacha a bhaineann le vacsaíniú agus imdhíonadh, cláir faireachais neartaithe, ***faisnéis sláinte, agus ardáin chun na cleachtais is fearr a roinnt***. Sa chomhthéacs sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, cumas na ngníomhaithe ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, chun cabhrú le cosc, ullmhacht, faireachas, bainistiú agus acmhainn freagartha na ngníomhaithe sin i dtaca le géarchéim shláinte, lena n-áirítear pleanáil theagmhasach agus cleachtaí ullmhachta, i gcomhréir leis ***na cuir chuige*** "Aon Sláinte Amháin" agus "***cúrsaí sláinte a chuimsiú i ngach réimse beartais"***. Ba cheart, trína bhíthin, éascaíocht a dhéanamh do chreat trasghearrthach comhtháite cumarsáide maidir le riosca a chur i bhfeidhm i ngach céim de ghéarchéim sláinte — cosc, ullmhacht agus freagairt.

[10] Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2119/98/CE (IO L 293, 5.11.2013, lch. 1).

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Ós rud é gur féidir le measúnú ar theicneolaíocht sláinte éigeandála ***agus le*** trialacha cliniciúla rannchuidiú le forbairt ghasta frithbheart leighis ***le linn géarchéim*** sláinte, ***ba cheart tacaíocht a sholáthar trí bhíthin an Chláir chun gníomhaíochtaí den sórt sin a éascú***. Ghlac an Coimisiún togra[11] maidir le Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (HTA) chun tacú leis an gcomhar maidir le measúnú ar theicneolaíocht sláinte ar leibhéal an Aontais. | (11) I ***gcomhthéacs géarchéimeanna*** sláinte ***poiblí***, is féidir le measúnuithe ar theicneolaíocht sláinte (***HTA***), ***agus*** trialacha cliniciúla cur le forbairt thapa***, sainaithint agus infhaighteacht*** frithbheart leighis. Ghlac an Coimisiún togra[11] maidir le Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (HTA) chun tacú leis an gcomhar maidir le measúnú ar theicneolaíocht sláinte ar leibhéal an Aontais. ***Ba cheart leis an gClár go soláthrófaí tacaíocht chun na gníomhaíochtaí sin a éascú.*** |
| [11] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le measúnú ar theicneolaíocht sláinte agus lena leasaítear Treoir 2011/24/AE, COM(2018) 51 final an 31.01.20118. | [11] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le measúnú ar theicneolaíocht sláinte agus lena leasaítear Treoir 2011/24/AE, COM(2018) 51 final an 31.01.20118. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) D’fhonn daoine atá i staideanna leochaileacha a chosaint, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil meabhairghalair agus galair ainsealacha orthu, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, gníomhaíochtaí a chur chun cinn freisin lena dtabharfar aghaidh ar thionchair chomhthaobhacha na géarchéime sláinte ar dhaoine ar de ghrúpaí | (12) D’fhonn daoine atá i staideanna leochaileacha a chosaint, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil meabhairghalair orthu, ***atá ag maireachtáil le galair theagmhálacha nó neamhtheagmhálacha nó is mó atá thíos leo*** agus galair ainsealacha orthu***, amhail otracht, ailse, diaibéiteas, galar cardashoithíoch agus neamhoird*** |

leochaileacha den sórt sin iad.

***néareolaíocha***, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, gníomhaíochtaí a chur chun cinn freisin lena dtabharfar aghaidh ar thionchair chomhthaobhacha na géarchéime sláinte ar dhaoine ar de ghrúpaí leochaileacha den sórt sin iad. ***D'fhonn ardchaighdeáin leanúnacha seirbhísí cúraim sláinte riachtanacha, lena n-áirítear cosc, a ráthú, ba cheart don Chlár, go háirithe in amanna géarchéime agus paindéime, aistriú go teilileigheas inrochtana agus inacmhainne, cógais a thabhairt sa bhaile agus pleananna coisctheacha agus féinchúraim spreagadh, a gcás inar féidir agus inarb iomchuí, agus ag an am céanna a áirithiú go gcuirtear rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte agus coisc ar fáil d'othair ainsealacha agus d'othair atá i mbaol.***

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Géarchéim COVID-19 is rud é a chuir i bhfáth na dúshláin iomadúla a bhaineann le soláthar cógas, feistí leighis agus trealaimh cosanta pearsanta a theastaíonn san Aontas le linn na bpaindéimí a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacaíocht a sholáthar do ghníomhaíochtaí lena ***gcothaítear*** táirgeadh, soláthar agus bainistiú táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, agus comhlántacht agus comhleanúnachas ionstraimí eile an Aontais á n-áirithiú. | (13) Géarchéim COVID-19 is rud é a chuir i bhfáth dúshláin iomadúla ***lena n-áirítear spleáchas an Aontais ar thríú tíortha*** chun go n-áiritheofaí soláthar ***amhábhar ceimiceach, agus ábhar tosaigh ceimiceach, comhábhar gníomhacha cógaisíochta,*** cógas, feistí leighis agus trealaimh chosanta phearsanta a theastaíonn san Aontas le linn na bpaindéimí a áirithiú. Ba cheart, dá bhrí sin, tacaíocht a sholáthar do ghníomhaíochtaí lena ***méadófar slándáil táirgeachta, soláthair, bainistíochta agus dáilte táirgí leighis agus feistí leighis san Aontas agus lena laghdófar an spleáchas ar thríú tíortha trí éagsúlú na slabhraí soláthair a spreagadh***, an táirgeadh a chothú ***san Aontas agus comh***sholáthar |

agus ***comh***bhainistiú táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime agus comhlántacht ionstraimí eile an Aontais á n-áirithiú***, chun an riosca ganntanas a mhaolú, go háirithe i dtréimhsí géarchéimeanna sláinte***.

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Chun na hiarmhairtí don tsláinte phoiblí ó bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte a laghdú a mhéid is féidir, ba cheart a bheith in ann le gníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh faoin gClár comhordú na ngníomhaíochtaí lena neartaítear idir-inoibritheacht agus comhleanúnachas chórais sláinte na mBallstát a chumhdach trí thagarmharcáil, trí chomhar agus trí dhea-chleachtais a chomhroinnt agus a áirithiú go mbeidh ar a gcumas dóibh freagairt d'éigeandálaí sláinte, lena n-áirítear pleanáil theagmhasach, cleachtaí ullmhachta agus uas-sciliú na foirne cúraim sláinte agus na foirne sláinte poiblí agus sásraí a bhunú le haghaidh faireachán éifeachtúil agus leithdháileadh atá bunaithe ar riachtanais a dhéanamh ar earraí agus ar sheirbhísí a bhfuil gá leo in am géarchéime. | (14) Chun na hiarmhairtí don tsláinte phoiblí ó bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte a laghdú a mhéid is féidir, ba cheart a bheith in ann le gníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh faoin gClár comhordú na ngníomhaíochtaí lena neartaítear idir-inoibritheacht agus comhleanúnachas chórais sláinte na mBallstát a chumhdach trí thagarmharcáil, trí chomhar agus trí dhea-chleachtais a chomhroinnt ***agus freisin trí líon méadaithe gníomhaíochtaí comhpháirteacha*** agus a áirithiú go mbeidh ar a gcumas freagairt d'éigeandálaí sláinte, lena n-áirítear pleanáil theagmhasach, cleachtaí ullmhachta agus uas-sciliú na foirne cúraim sláinte agus na foirne sláinte poiblí agus sásraí a bhunú le haghaidh faireachán éifeachtúil agus leithdháileadh atá bunaithe ar riachtanais a dhéanamh ar earraí agus ar sheirbhísí a bhfuil gá leo in am géarchéime***, a bheadh tairbheach go háirithe i gcomhthéacs trasteorann***. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14a) Le tairseach chumarsáide a bhunú don phobal, lamhálfaí don Aontas faisnéis bhailíochtaithe a roinnt, foláirimh a chur chuig saoránaigh na hEorpa agus bréagaisnéis a chomhrac. D'fhéadfadh réimse leathan faisnéise, feachtais choisc agus clár oideachais óige a bheith san áireamh ann. D'fhéadfaí an tairseach sin a úsáid freisin chun clúdach láidir imdhíonta ar an leibhéal Eorpach a chur chun cinn, i gcomhar leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Rialú ('ECDC').*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Léirigh taithí a fuarthas ó ghéarchéim COVID-19 go bhfuil gá ginearálta le tacaíocht a thabhairt do chlaochlú struchtúrach agus d'athchóirithe córasacha na gcóras sláinte ar fud an Aontais chun cur lena n-éifeachtacht, lena n-inrochtaineacht agus lena n-athléimneacht. I gcomhthéacs an chlaochlaithe agus na n-athchóirithe sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, i sineirgíocht leis an gClár don Eoraip Dhigiteach, gníomhaíochtaí a chur chun cinn trína gcuirfear le claochlú digiteach na seirbhísí sláinte agus trína gcuirfear le hidir-inoibritheacht na seirbhísí sin, cur le hacmhainneacht na gcóras sláinte chun galar a chosc agus chun an tsláinte a chur chun cinn, samhlacha cúraim nua agus seirbhísí comhtháite a | (15) Léirigh taithí a fuarthas ó ghéarchéim COVID-19 go bhfuil gá ginearálta le tacaíocht a thabhairt do chlaochlú struchtúrach agus d'athchóirithe córasacha na gcóras sláinte ar fud an Aontais chun cur lena n-éifeachtacht, lena n-inrochtaineacht***, lena n-inbhuanaitheacht*** agus lena n-athléimneacht. I gcomhthéacs an chlaochlaithe agus na n-athchóirithe sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, i sineirgíocht leis an gClár don Eoraip Dhigiteach, gníomhaíochtaí a chur chun cinn trína gcuirfear le claochlú digiteach na seirbhísí sláinte chun go gcothófaí cosc galar agus cur chun cinn na sláinte ar bhonn ***príomhordúil, príomhúil, tánaisteach, treasach, ceathartha*** agus trína gcuirfear le hidir-inoibritheacht na |

sholáthar, idir réimse an chúraim sláinte phríomhúil agus an chúraim sláinte pobail agus seirbhísí speisialaithe bunaithe ar riachtanais daoine, agus lucht saothair éifeachtúil a áirithiú i réimse na sláinte poiblí a bhfuil na scileanna cuí acu, lena n-áirítear scileanna digiteacha. Trí bhíthin spás Eorpach le haghaidh sonraí sláinte a fhorbairt, bheadh córais cúraim sláinte, taighdeoirí agus údaráis phoiblí in ann infhaighteacht agus cáilíocht an chúraim sláinte a fheabhsú. I bhfianaise an chirt bhunúsaigh chun rochtain a fháil ar chúram sláinte coisctheach agus ar chóireáil leighis, ceart a chumhdaítear in Airteagal 35 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus i bhfianaise luachanna comhchoiteanna agus prionsabail chomhchoiteanna i gCórais Sláinte an Aontais Eorpaigh mar a leagtar amach iad sna Conclúidí ón gComhairle an 2 Meitheamh 2006[12] ba cheart an Clár a bheith ina thaca ag gníomhaíochtaí lena n-áiritheofaí uilíochas agus cuimsitheacht an chúraim sláinte, rud a chiallaíonn nach gcuirfear cosc ar aon duine rochtain a fháil ar chúram sláinte, agus go n-urramófar na gníomhaíochtaí sin lena n-áirithítear cearta othar.

seirbhísí sin, cur le hacmhainneacht na gcóras sláinte chun galar a chosc agus chun an tsláinte a chur chun cinn, samhlacha cúraim nua ***bunaithe ar thorthaí*** a sholáthar agus seirbhísí comhtháite a chur ar fáil, idir réimse an chúraim sláinte phríomhúil agus an chúraim sláinte pobail agus seirbhísí speisialaithe bunaithe ar riachtanais daoine ***lena ndéanfar leibhéil litearthachta sláinte agus litearthachta sláinte digití do shaoránaigh a fheabhsú,*** agus lucht saothair éifeachtúil a áirithiú i réimse na sláinte poiblí a bhfuil na scileanna cuí acu, lena n-áirítear scileanna digiteacha***, a dhéanfar a nuashonrú go rialta i bhfianaise an dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíochta, mar a fhoráiltear i dTreoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[11a]. ***Ba cheart go gcuirfeadh an tsineirgíocht idir an Clár Sláinte Eorpach agus an Clár Eorpach Digiteach le cur chun agus leathnú r-shláinte, ag laghdú taistil gan ghá agus riachtanais chúram sláinte gan chomhlíonadh.*** Trí bhíthin spás Eorpach le haghaidh sonraí sláinte ***agus Taifead sláinte leictreonach Eorpach*** a fhorbairt, bheadh córais cúraim sláinte, taighdeoirí agus údaráis phoiblí in ann ***inrochtaineacht, inacmhainneacht,*** infhaighteacht agus cáilíocht an chúraim sláinte a fheabhsú, ***an méid sonraí atá ar fáil d'othair agus d'oibrithe sláinte a mhéadú, agus ar an gcaoi sin cáilíocht an chúraim shláinte agus saoirse gluaiseachta an othair timpeall an Aontais a fheabhsú***. I bhfianaise an chirt bhunúsaigh chun rochtain a fháil ar chúram sláinte coisctheach agus ar chóireáil leighis, ceart a chumhdaítear in Airteagal 35 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus i bhfianaise luachanna comhchoiteanna agus prionsabail chomhchoiteanna i gCórais Sláinte an Aontais Eorpaigh mar a leagtar amach iad sna Conclúidí ón gComhairle an 2 Meitheamh 2006[12] ba cheart an Clár a bheith ina thaca ag gníomhaíochtaí lena n-áiritheofaí uilíochas agus cuimsitheacht an chúraim sláinte, rud a chiallaíonn nach

gcuirfear cosc ar aon duine rochtain a fháil ar chúram sláinte, agus go n-urramófar na gníomhaíochtaí sin lena n-áirithítear cearta othar. ***Ba cheart leis an gClár go dtacófaí le rochtain ar shonraí sláinte pearsanta agus iad a roinnt, gan dochar do chur i bhfeidhm RGCS agus scileanna digiteacha othar a mhéadú.***

[12] Conclúidí ón gComhairle maidir le luachanna comhchoiteanna agus prionsabail chomhchoiteanna i gCórais Sláinte an Aontais Eorpaigh (IO C 146, 22.6.2006, lch. 1).

***[11a] Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22)***.

[12] Conclúidí ón gComhairle maidir le luachanna comhchoiteanna agus prionsabail chomhchoiteanna i gCórais Sláinte an Aontais Eorpaigh (IO C 146, 22.6.2006, lch. 1).

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15a) Is gá íogaireacht agus eolas inscne agus gnéis a fheabhsú in oideachas gairmithe cúraim sláinte, i dtaighde, i ndiagnóisiú , i gcóireáil agus i dtionchar cógas agus teiripe chun an dá ghnéas a thuiscint agus a chóireáil níos fearr.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15 b (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(15b) Faoi Airteagal 153 CFAE, tá an tAontas chun tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát maidir le feabhas a chur ar an timpeallacht oibre agus chun sláinte, sábháilteacht agus dálaí oibre oibrithe a chosaint agus a chomhlánú. Tá sé tábhachtach an méid mór ama a chaitheann oibrithe ina n-ionaid oibre agus an riosca sláinte a bhféadfaidís a bheith neamhchosanta air a chur san áireamh, amhail substaintí guaise sláinte agus carcanaiginí agus gluaiseachtaí arís agus arís eile, rud a fhágann go bhfuil ualach ard ann maidir le héagumas agus líon na laethanta oibre a cailleadh, a mbíonn iarmhairtí aige dá réir sin ar an duine aonair, ar an teaghlach agus ar an tsochaí. Ba cheart go léireodh an clár tábhacht na sláinte ceirde agus a thionchar ar oibrithe sláinte agus ar an tsochaí. Ba cheart don Choimisiún oibriú leis na Ballstáit chun reachtaíocht nua a chruthú chun dálaí sláinte oibrithe a fheabhsú, a ndálaí oibre a fheabhsú, an chothromaíocht idir an obair agus an saol, folláine agus meabhairshláinte níos fearr a chur chun cinn, luathscor a chosc mar gheall ar dhrochshláinte agus drochbhainistíocht sláinte.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15 c (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(15c) Ba cheart go n-éascódh an clár an t-athbhreithniú ar shainordú AE-OSHA chun ionaid oibre shláintiúla agus shábháilte a chur chun cinn ar fud an Aontais agus chun tacú le gníomhaíochtaí*** |

***agus anailís na Gníomhaireachta maidir le sábháilteacht agus sláinte ceirde. Ba cheart don Choimisiún creat straitéiseach nua de chuid an Aontais a mholadh maidir le sábháilteacht agus sláinte ceirde don tréimhse 2021 - 2027 agus leanúint de Threoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12a] a thabhairt cothrom le dáta. Ba cheart go dtacódh an clár le gníomhaíochtaí chun filleadh ar an ionad oibre a éascú tar éis saoire bhreoiteachta fhadtéarma agus chun daoine atá tinn go hainsealach nó atá faoi mhíchumas sa lucht saothair a áireamh níos fearr.***

***[12a] Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair (an séú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE ón gComhairle) (IO L 158, 30.4.2004, lch. 50).***

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Trí dhaoine a choinneáil folláin agus gníomhach níos faide agus é a chur ar a gcumas ról gníomhach a bheith acu i mbainistiú a sláinte, déanfar tairbhe ó thaobh na sláinte, éagothromaíochtaí sláinte, chaighdeán na beatha, táirgiúlachta, iomaíochais agus cuimsitheachta, agus laghdófar an brú ar na buiséid náisiúnta freisin. Thug an Coimisiún gealltanas cuidiú leis na Ballstáit a spriocanna forbartha inbhuanaithe a leagtar amach i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint | (16) ***Is infheistíocht í an tsláinte agus ba cheart an coincheap sin a bheith ag croílár an Chláir.*** Trí dhaoine a choinneáil folláin agus gníomhach níos faide agus é a chur ar a gcumas ról gníomhach a bheith acu i mbainistiú a sláinte***, trína litearthacht sláinte a fheabhsú,*** déanfar tairbhe ó thaobh na sláinte***, éagothromaíochtaí sláinte***, ***neamhionannas sláinte***, chaighdeán na beatha, táirgiúlachta, iomaíochais agus cuimsitheachta, agus laghdófar an brú ar na ***córais agus*** ar na buiséid ***sláinte*** náisiúnta freisin. ***Ba cheart*** |

amach, go háirithe sprioc uimhir 3 "Beatha shláintiúil a áirithiú agus an fholláine a chur cinn do chách ag gach aois"[13]. Ba cheart, dá bhrí sin, go gcuirfeadh an Clár leis na gníomhaíochtaí a dhéantar chun na haidhmeanna ***sin*** a bhaint amach.

[13] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Na chéad chéimeanna eile i dtaca le todhchaí inbhuanaithe don Eoraip. Gníomhaíocht Eorpach don inbhuanaitheacht COM (2016) 739 final an 22.11.2016.

***don Chlár tacú le gníomhaíocht freisin chun éagothromaíochtaí i soláthar cúraim sláinte a laghdú, i gceantair thuaithe agus iargúlta lena n-áirítear sna réigiúin is forimeallaí, chun fás cuimsitheach a bhaint amach.*** Thug an Coimisiún gealltanas cuidiú leis na Ballstáit a spriocanna forbartha inbhuanaithe a leagtar amach i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach, go háirithe sprioc uimhir 3 "Beatha shláintiúil a áirithiú agus an fholláine a chur cinn do chách ag gach aois"[13] Ba cheart, dá bhrí sin, go rannchuideodh an Clár leis na bearta a dhéantar ***chun*** spriocanna ***SFI*** a bhaint amach***, agus dá réir sin, feabhas a chur ar dheitéarmanaint shóisialta na sláinte agus sláinte shaoránaigh an Aontais a fheabhsú***.

[13] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Na chéad chéimeanna eile i dtaca le todhchaí inbhuanaithe don Eoraip. Gníomhaíocht Eorpach don inbhuanaitheacht COM (2016) 739 final an 22.11.2016.

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Is toradh iad galair neamhtheagmhálacha ar theaglaim gnéithe géiniteacha, fiseolaíocha, comhshaoil ***agus iompraíochta.*** Galair neamhtheagmhálacha amhail galair chardashoithíocha, ailse, galair riospráide ainsealacha, ***agus*** | (17) Is toradh iad galair neamhtheagmhálacha ar theaglaim de ***dheitéarmanaintí*** géiniteacha ***agus*** sláinte, ***(***fiseolaíocha, ***iompraíochta, agus*** comhshaoil***)***. Galair neamhtheagmhálacha amhail galair chardashoithíocha, ailse, |

diaibéiteas, is iad is príomhthrúig le míchumas, drochshláinte, scor de dheasca drochshláinte, agus bás anabaí san Aontas agus leagtar costais shuntasacha ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar mar gheall orthu. Chun tionchar na ngalar neamhtheagmhálach ar dhaoine aonair agus ar an tsochaí san Aontas a laghdú agus sprioc 3 de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, Sprioc 3.4, chun an mhortlaíocht anabaí de bharr galair ainsealacha neamhtheagmhálacha a laghdú aon trian faoi 2030, is ríthábhachtach an rud é freagairt chomhtháite a sholáthar lena ndíreofar ar chosc ar fud na n-earnálacha ***agus réimsí beartais***, i gcomhar le hiarrachtaí chun córais sláinte a neartú.

***otracht,*** galair riospráide ainsealacha, diaibéiteas, ***meabhairghalar agus neamhoird néareolaíocha*** is iad is príomhthrúig le míchumas, drochshláinte, scor de dheasca drochshláinte, agus bás anabaí san Aontas, ***fad a bhí galair neamh-theagmhálacha freagrach as 87% de na Blianta Saoil a choigeartaítear ó thaobh an mhíchumais (DALYanna) san Aontas in 2017,*** agus bhí iarmhairtí suntasacha ***mothálacha*** tionchair, sóisialta agus eacnamaíocha mar thoradh air. Chun tionchar na ngalar neamhtheagmhálach ar dhaoine aonair agus ar an tsochaí san Aontas a laghdú agus sprioc 3 de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, Sprioc 3.4 ***go háirithe ach gan go heisiach***, chun an mhortlaíocht anabaí de bharr galair ainsealacha neamhtheagmhálacha a laghdú aon trian faoi 2030, is ríthábhachtach an rud é freagairt chomhtháite a sholáthar lena ndíreofar ar ***chur chun cinn na sláinte agus*** ar chosc ar fud earnálacha, ***speisialtachtaí agus réimsí beartais agus cineál idirghaolmhar fhormhór na ngalar neamhtheagmhálacha á chur san áireamh,*** i gcomhar le hiarrachtaí chun córais sláinte a neartú ***agus cógais iomchuí a sholáthar, chun cur chun feidhme Chreat-Choinbhinsiún EDS maidir le Rialú Tobac a neartú, tá sé ríthábhachtach chun laghdú éifeachtach, inbhuanaithe a bhaint amach ar ghalair neamh-theagmhálacha inchoiscthe. Ba cheart leis an gClár go dtacófaí le gníomhaíochtaí atá dírithe ar mheabhairshláinte a chomhtháthú i ngach réimse, lena n-áirítear sa spás oibre agus i scoileanna, agus gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun dul i ngleic le dúlagar agus féinmharú agus chun cúram meabhairshláinte comhtháite a chur chun feidhme.***

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin ***an Chláir***, rannchuidiú le galair a chosc le linn saol duine aonair agus leis an tsláinte a chur chun cinn trí aghaidh a thabhairt ar ghnéithe riosca coiteanna, amhail úsáid tobac agus táirgí gaolmhara agus tógáil a n-astaíochtaí, mí-úsáid alcóil agus caitheamh drugaí ***aindleathacha***. Anuas air sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, rannchuidiú leis an dochar a dhéantar don tsláinte le drugaí, nósanna cothaithe mífholláine ***agus*** neamhghníomhaíocht choirp agus tógáil thruailliú an chomhshaoil a laghdú agus le timpeallachtaí tacúla do stíleanna maireachtála folláine a chothú d'fhonn gníomhaíocht na mBallstát sna réimsí sin a chomhlánú. ***Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir,*** rannchuidiú freisin le ***gnóthú chuspóirí*** an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, na Straitéise ón bhFeirm go dtí an Forc agus na Straitéise Bithéagsúlachta. | (18) ***Tá cur chun cinn na sláinte agus cúram sláinte coiscteach i bhfad níos costéifeachtaí ná cóireáil, i dtéarmaí airgid agus i mblianta dea-shláinte atá coigeartaithe ó thaobh na cáilíochta de***, dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin ***an Chláir***, rannchuidiú le galair a chosc le linn saol duine aonair agus leis an tsláinte a chur chun cinn trí aghaidh a thabhairt ar ***dheitéarmanaint*** sláinte***, amhail úsáid tobac agus táirgí gaolmhara agus neamhchosaint ar a n-astaíochtaí, mí-úsáid alcóil, timpeallacht mhíshláintiúil bhia, agus caitheamh drugaí aindleathacha agus substaintí sícighníomhacha. Chun an stádas sláinte is fearr is féidir a bhaint amach, ba cheart don Chlár dul i ngleic le gach deitéarmanant sláinte. Ba cheart go mbeadh cur chun cinn na sláinte, cosaint na sláinte agus galar a chosc ar feadh shaolré an duine i gcroílár an chláir trí aghaidh a thabhairt ar*** ghnéithe riosca ***sláinte agus meabhrach***, amhail úsáid tobac agus táirgí gaolmhara agus a bheith neamhchosanta dá n-astaíochtaí, mí-úsáid alcóil agus caitheamh drugaí aindleathacha ***agus iompraíochtaí andúileacha eile***. Anuas air sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, rannchuidiú leis an dochar a dhéantar don tsláinte le drugaí, ***otracht agus*** nósanna cothaithe mífholláine, neamhghníomhaíocht choirp, agus tógáil thruailliú an chomhshaoil a laghdú agus le timpeallachtaí tacúla do stíleanna maireachtála folláine a chothú d'fhonn gníomhaíocht na mBallstát sna réimsí sin a chomhlánú. ***Ba cheart, dá bhrí sin, go gcuirfeadh an Clár le leibhéal ard cosanta agus coiscthe maidir le sláinte an duine, ar feadh shaolré iomlán an duine aonair, lena n-áirítear trí chur chun cinn gníomhaíochta coirp, cúraim chothaithe agus oideachas sláinte a chur chun cinn***. |

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***Ba cheart leis an gClár freisin go ndéanfaí cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais a bhaineann le sláinte a neartú agus tacú léi, lena n-áirítear i réimse na sláinte comhshaoil, agus an cur chuige 'cúrsaí sláinte i ngach réimse beartais' a chothú. Ba cheart don Chlár*** rannchuidiú freisin le ***cuspóirí*** an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, na Straitéise ón bhFeirm go dtí an Forc agus na Straitéise Bithéagsúlachta ***agus na straitéise Ceimiceán don inbhuanaitheacht***. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(18a) Ba cheart go leanfadh an Clár de bheith ag tacú le gníomhaíochtaí i réimse na díobhála a bhaineann le halcól a laghdú agus a chosc á thaobh straitéis athbhreithnithe alcóil an Aontais. Ba cheart go mbeadh cosaint leanaí ón alcól ar cheann de thosaíochtaí an Chláir.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18 b (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(18b) Tá ualach na ngalar ainsealach fós suntasach san Aontas. Forbraíonn galair ainsealacha go mall, bíonn siad fadmharthanach agus go minic doleigheasta. Bíonn baint ag galair ainsealacha, in go leor cásanna, le níos mó ná comhghalracht amháin, rud a*** |

***fhágann go mbíonn sé níos deacra iad a chóireáil agus a bhainistiú. Ba iad faoi deara mórfhulaingt dhaonna agus chuir siad ualach ollmhór freisin ar chórais sláinte. D'fhéadfaí go leor galair ainsealacha, mar ghalair chardashoithíocha agus diaibéiteas cineál 2, a chosc trí roghanna sláintiúla stíle maireachtála, fad is féidir tinnis eile, mar shampla galair néareolaíocha, a bhainistiú chun an tús a mhoilliú má aimsítear iad go luath, nó cabhrú le hothair a ndícheall a dhéanamh agus fanacht gníomhach ar feadh níos faide. Dá bhrí sin, is féidir leis an Aontas agus na Ballstáit ualach na mBallstát a laghdú go mór trí oibriú le chéile chun bainistiú níos fearr agus níos éifeachtaí ar ghalair a bhaint amach, agus ba cheart don Chlár tacú le gníomhaíochtaí sa réimse sin. Ba cheart don Chlár tacú le forbairt agus cur chun feidhme na dTreoirlínte Eorpacha maidir le treoirlínte sonracha Eorpacha um chosc agus bainistiú galair i réimse na ngalar teagmhálach agus neamhtheagmhálach araon, amhail galair chardashoithíocha, galair néarmheathlúcháin, galair riospráide agus diaibéiteas.***

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Tar éis galair chardashoithíocha is í an ailse an dara trúig mhortlaíochta is mó sna Ballstáit. Chomh maith leis sin, tá sí ar cheann de na galair neamhtheagmhálacha a bhfuil gnéithe riosca coiteanna aici, galar a rachadh sé chun tairbhe d'fhormhór na saoránach ach í a chosc agus a rialú. In 2020, d'fhógair an Coimisiún 'Plean na | (19) Tar éis galair chardashoithíocha is í an ailse an dara trúig mhortlaíochta is mó sna Ballstáit. ***Is iomaí gné is cúis le hailse agus dá bhrí sin teastaíonn paraidím nua um chosc a thugann aghaidh ar dheitéarmanaint sláinte aonair (géiniteach, stíl mhaireachtála) agus deitéarmanaint níos leithne (daonraí) a*** |

hEorpa chun an Ailse a Chomhrac’, plean lena gcumhdófaí ***timthriall iomlán*** an ghalair ***ó*** chosc ***agus*** ó fháthmheas ***luath go*** cóireáil ***agus*** caighdeán saoil ***othar agus marthanóirí***. Ba cheart go mbainfeadh na bearta tairbhe as an gClár agus as Misean Ailse an chláir Fís Eorpach.

***bhaineann le gnéithe neamhchosanta ceirde, comhshaoil agus sóisialta.*** Chomh maith leis sin, tá sí ar cheann de na galair neamhtheagmhálacha a bhfuil gnéithe riosca coiteanna aici ***le daoine eile***, galar a rachadh sé chun tairbhe d’fhormhór na saoránach ach í a chosc agus a rialú. ***Is tosca riosca iad droch-chothú, neamhghníomhaíocht choirp, otracht, tobac agus alcól atá coiteann do ghalair ainsealacha eile, amhail galair chardashoithíocha, agus dá bhrí sin ba cheart cláir coiscthe ailse a chur chun feidhme i gcomhthéacs clár comhtháite um chosc ar ghalair ainsealacha.*** In 2020, d’fhógair an Coimisiún ‘Plean na hEorpa chun an Ailse a Chomhrac’, plean lena gcumhdófaí ***gach céim ríthábhachtach*** den ghalar. cosc, fáthmheas, cóireáil***, an saol mar mharthanóir ailse, ath-imeascadh agus cúram maolaitheach agus bainistiú péine. Ba cheart go gcuirfeadh an clár gníomhaíochtaí chun cinn chun ‘Plean na hEorpa chun an Ailse a Chomhrac’ a chomhlánú agus ar an gcaoi sin*** cáilíocht saoil ***othar ailse a fheabhsú.*** Ba cheart go mbainfeadh na bearta tairbhe as an gClár agus as Misean Ailse an chláir Fís Eorpach, ***go háirithe trí thionscnaimh a thacaíonn le haidhmeanna meántéarmacha agus fadtéarmacha an Phlean, agus a thugann aghaidh ar thosca riosca agus sineirgí coitianta ailse le mór-ghalair neamh-theagmhálacha eile.***

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (20) Oibreoidh an Clár i sineirgíocht agus i gcomhlántacht le beartais, le cláir agus le cistí eile de chuid an Aontais amhail gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme faoin gClár don Eoraip Dhigiteach, Fís Eorpach, cúlchiste rescEU faoin Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála, Ciste Sóisialta na hEorpa + (CSE+, lena n-áirítear maidir le sineirgí i dtaca le sláinte agus sábháilteacht na milliún oibrithe a chosaint san Aontas), lena n-áirítear an Clár um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (EaSI), ciste InvestEU, Clár an Mhargaidh Aonair, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta lena n-áirítear an Uirlis Athchóiriúcháin, Erasmus, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, Tacaíocht chun rioscaí dífhostaíochta le linn éigeandálaí a mhaolú (SURE), agus ionstraimí eile de chuid an Aontais le haghaidh bearta seachtracha, amhail an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta agus an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais III. I gcás inarb iomchuí, bunófar comhrialacha d’fhonn comhsheasmhacht agus comhlántacht idir cistí a áirithiú agus san am céanna, deimhin a dhéanamh de go ndéanfar sainiúlachtaí na mbeartas sin a urramú, agus d’fhonn riachtanais straitéiseacha na mbeart, na gclár agus na gcistí sin a ailíniú, amhail na coinníollacha cumasúcháin faoi CFRE agus CSE+. | (20) Oibreoidh an Clár i sineirgíocht agus i gcomhlántacht le beartais, le cláir agus le cistí eile de chuid an Aontais amhail gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme faoin gClár don Eoraip Dhigiteach, Fís Eorpach, cúlchiste rescEU faoin Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála, Ciste Sóisialta na hEorpa + (CSE+, lena n-áirítear maidir le sineirgí i dtaca le sláinte agus sábháilteacht na milliún oibrithe a chosaint san Aontas), lena n-áirítear an Clár um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (EaSI), ciste InvestEU, Clár an Mhargaidh Aonair, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)***, lena n-airítear Interreg,*** Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta lena n-áirítear an Uirlis Athchóiriúcháin, Erasmus, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, Tacaíocht chun rioscaí dífhostaíochta le linn éigeandálaí a mhaolú (SURE), agus ionstraimí eile de chuid an Aontais le haghaidh bearta seachtracha, amhail an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta agus an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais III. I gcás inarb iomchuí, bunófar comhrialacha d’fhonn comhsheasmhacht agus comhlántacht idir cistí a áirithiú, ***lena seachnófar aon fhorluí nó dúbláil ar mhaoiniú,*** agus san am céanna, deimhin a dhéanamh de go ndéanfar sainiúlachtaí na mbeartas sin a urramú, agus d’fhonn riachtanais straitéiseacha na mbeart, na gclár agus na gcistí sin a ailíniú, amhail na coinníollacha cumasúcháin faoi CFRE agus CSE+. |

**Leasú 249Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(20a) Ba cheart don chlár rannchuidiú le cúltaca a bhunú do tháirgí atá ábhartha*** |

***do ghéarchéim sláinte, amhail cógais, vacsaíní agus feistí leighis atá riachtanach, i sineirgíocht agus i gcomhlántacht le rescEU, an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála, an Ionstraim Athléimneachta agus le beartais, cláir agus cistí eile an Aontais.***

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) I gcomhréir le hAirteagal 114 CFAE, ba cheart ardleibhéal cosanta sláinte a áirithiú sa reachtaíocht a ghlacann an tAontas maidir le bunú agus feidhmiú an Mhargaidh Inmheánaigh. Ar bhonn Airteagal 114 CFAE agus phointe (c) d'Airteagal 168(4) CFAE, rinneadh corpas suntasach d'acquis an Aontais a fhorbairt lena ráthaítear na hardchaighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta do tháirgí íocshláinte agus d'fheistí leighis. I bhfianaise go bhfuil méadú ag teacht ar an éileamh ar chúram sláinte, tá dúshláin roimh chórais cúraim sláinte na mBallstát maidir le hinfhaighteacht agus inacmhainneacht cógas leighis agus feistí leighis. Chun cosaint sláinte poiblí níos fearr a áirithiú chomh maith le sábháilteacht agus cumhachtú othar san Aontas, is rud fíor-riachtanach é rochtain a bheith ag othair agus ag córais sláinte ar tháirgí cúraim sláinte ar ardchaighdeán agus gur féidir leo tairbhiú go hiomlán de na táirgí sin. | (21) I gcomhréir le hAirteagal 114 CFAE, ba cheart ardleibhéal cosanta sláinte a áirithiú sa reachtaíocht a ghlacann an tAontas maidir le bunú agus feidhmiú an Mhargaidh Inmheánaigh. Ar bhonn Airteagal 114 CFAE agus phointe (c) d'Airteagal 168(4) CFAE, rinneadh corpas suntasach d'acquis an Aontais a fhorbairt lena ráthaítear na hardchaighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta do tháirgí íocshláinte agus d'fheistí leighis. I bhfianaise go bhfuil méadú ag teacht ar an éileamh ar chúram sláinte, tá dúshláin roimh chórais cúraim sláinte na mBallstát maidir le hinfhaighteacht agus inacmhainneacht cógas leighis agus feistí leighis. Chun cosaint sláinte poiblí níos fearr a áirithiú chomh maith le sábháilteacht agus cumhachtú othar san Aontas, is rud fíor-riachtanach é go mbeadh rochtain ag othair agus ag córais sláinte ar tháirgí cúraim sláinte ***inbhuanaithe, éifeachtúil, cothromasach, inacmhainne agus*** ar ardcháilíocht***, lena n-áirítear i gcomhthéacs trasteorann,*** agus gur féidir leo tairbhiú go hiomlán díobh, bunaithe ar fhaisnéis liachta atá trédhearcach, comhleanúnach agus dírithe ar an othar, ***bunaithe ar fhaisnéis leighis trédhearcach, chomhsheasmhach, dírithe*** |

| | |
|---|---|
| | ***ar an othair***. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Ba cheart don Chlár***, dá bhrí sin,*** tacú le ***gníomhaíochtaí chun faireachán a dhéanamh*** ar ghanntanais cógas, feistí leighis agus táirgí cúraim sláinte eile agus chun a áirithiú gur mó rochtain atá orthu agus go bhfuil siad níos inacmhainne agus go ndéanfar, ag an am céanna, spleáchas a slabhraí soláthair ar thríú tíortha á theorannú. Go háirithe, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais leighis nach bhfuiltear ag freastal orthu, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacaíocht a sholáthar do ***thrialacha*** cliniciúla ***chun dlús a chur le*** forbairt, údarú agus rochtain ar chógais leighis ***nuálacha agus*** éifeachtacha, chun dreasachtaí a chur chun cinn chun ***na táirgí íocshláinte sin amhail*** frithmhiocróbaigh a fhorbairt agus chun an claochlú digiteach a chothú i dtaca le táirgí cúraim sláinte agus ardáin lena ndéantar faireachán ar chógais agus lena mbailítear sonraí fúthu. | (22) Ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacú le ***córas faireacháin, tuairiscithe agus fógra Eorpach a fhorbair***t do ghanntanais cógas, feistí leighis***, vacsaíní, uirlisí diagnóiseacha,*** agus táirgí eile cúraim sláinte, ***chun ilroinnt an mhargaidh aonair a sheachaint***, agus chun a áirithiú gur mó rochtain atá orthu agus go bhfuil siad níos inacmhainne agus spleáchas a slabhraí soláthair ar thríú tíortha á theorannú ag an am céanna. ***Ba cheart leis an gClár, dá bhrí sin, forbairt táirgí leighis agus feistí leighis a spreagadh laistigh den Aontas.*** Go háirithe, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais leighis nach bhfuiltear ag freastal orthu, ba cheart don Chlár tacú le trialacha cliniciúla ***agus giniúint fianaise san fhíorshaol*** chun go gcumasófaí forbairt, údarú meastóireacht ar chógais leighis agus rochtain orthu, ***lena n-áirítear táirgí íocshláinte cineálacha agus bithshamhlacha, feistí leighis, agus cóireáil, taighde agus forbairt táirgí míochaine nua a chur chun cinn, agus aird ar leith le tabhairt ar fhrithmhiocróbaigh agus ar vacsaíní chun dul i ngleic le AMR agus galair inchoiscthe trí vacsaíniú,*** agus chun ***dlús leis an acmhainneacht táirgeachta do*** fhrithmhiocróbaigh***, do chóireáil phearsantaithe agus do vacsaíniú*** agus chun an claochlú ***digiteach*** a chothú i dtaca le táirgí cúraim sláinte agus ardáin lena ndéantar faireachán ar chógais leighis agus lena mbailítear sonraí fúthu. ***Ba cheart leis an gClár freisin go ndéanfaí an*** |

***chinnteoireacht ar chógais leighis a neartú trí rochtain agus anailís ar shonraí cúraim sláinte san fhíorshaol a chumasú do rialálaithe agus do chomhlachtaí um measúnú ar theicneolaíochtaí sláinte ('HTA'). Ba cheart go gcabhródh an Clár freisin chun an úsáid is fearr a bhaint as torthaí taighde agus glacadh, uas-scálú agus imscaradh nuálaíochta sláinte i gcórais cúraim sláinte agus i gcleachtas cliniciúil a éascú.***

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(22a) Ba cheart sainmhíniú comhchuibhithe a leagan síos ar leibhéal an Aontais do na téarmaí 'ganntanas', 'teannas', 'suaitheadh soláthair', 'anás stoic' agus 'ró-stocáil'. Ba cheart don Choimisiún oibriú i dtreo na sainmhínithe comhchuibhithe sin a fhorbairt i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus na geallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear eagraíochtaí othar; Thairis sin, ba cheart don Choimisiún, go háirithe, an sainmhíniú ar 'ghanntanas' mar a mhol tascfhórsa comhpháirteach na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (EMA) agus Stiúrthóirí na nGníomhaireachtaí Leigheasra (HMA) in 2019 a neartú;*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Ós rud é gur chun tairbhe do dhaoine aonair agus do chórais sláinte go háirithe an úsáid is fearr is féidir a bhaint as cógais agus frithmhiocróbáin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, úsáid stuama agus éifeachtúil na gcógas sin a chur chun cinn. I gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta Eorpach "Aon Sláinte Amháin" i gcoinne Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach[14], plean a glacadh mí an Mheithimh 2017 tar éis na hiarrata ó na Ballstáit, ***agus i bhfianaise na taithí a fuarthas de bharr na*** n-ionfhabhtuithe ***tánaisteacha baictéaracha*** a bhaineann le COVID-19, is rud fíor-riachtanach é go dtacóidh an Clár le gníomhaíochtaí atá dírithe ar úsáid stuama a bhaint as ábhair fhrithmhiocróbacha i ndaoine, in ainmhithe agus i mbarra, faoi chuimsiú beartas comhtháite maidir le sábháilteacht othar agus maidir le hearráidí leighis a chosc. | (23) Ós rud é gur chun tairbhe do dhaoine aonair agus do chórais sláinte go háirithe an úsáid is fearr is féidir a bhaint as cógais agus frithmhiocróbáin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, úsáid stuama agus éifeachtúil na gcógas sin a chur chun cinn. I gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta Eorpach "Aon Sláinte Amháin" i gcoinne Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach[14], plean a glacadh mí an Mheithimh 2017 tar éis na hiarrata ó na Ballstáit, agus ós rud é ***go bhfuil ionfhabhtuithe agus seipseas mar thoradh ar bhaictéir atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach freagrach as líon ard básanna san Aontas***, is rud fíor-riachtanach é go dtacóidh an Clár le gníomhaíochtaí atá dírithe ar úsáid stuama a bhaint as ábhair fhrithmhiocróbacha i ndaoine, in ainmhithe agus i mbarra, ***agus gníomhaíochtaí lena n-áirítear cóireálacha comhtháite neamh-antaibheathach a úsáid,*** faoi chuimsiú beartas comhtháite maidir le sábháilteacht othar agus maidir le hearráidí leighis a chosc. ***Ba cheart go dtacódh an Clár leis na cláir faireacháin agus faireachais ar úsáid frithmhiocróbach agus AMR, agus an tacaíocht do chur chun feidhme pleananna áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta chun troid i gcoinne AMR, le tacaíocht ó straitéisí fianaise-bhunaithe agus dea-chleachtais a roinnt laistigh den Aontas.*** |

[14] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa 'Plean Gníomhaíochta Eorpach 'Aon Sláinte Amháin i gcoinne Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha', COM (2017)0339 final an 29.6.2017.

[14] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa 'Plean Gníomhaíochta Eorpach 'Aon Sláinte Amháin i gcoinne Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha', COM (2017)0339 final an 29.6.2017.

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Ós rud é gur fadhb ***chomhshaoil*** atá ag teacht chun cinn é truailliú an chomhshaoil, fadhb a bhíonn ann de dheasca substaintí cógaisíochta daonna agus tréidliachta agus gur féidir leis tionchar a bheith aige ar an tsláinte phoiblí, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, bearta a chothú chun feabhas a chur ar mheasúnú agus ar bhainistiú iomchuí na rioscaí comhshaoil a bhaineann le táirgeadh, úsáid agus diúscairt táirgí íocshláinte i gcomhréir le Cur Chuige Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le Cógaisíocht sa Chomhshaol. | (24) Ós rud é gur fadhb chomhshaoil atá ag teacht chun cinn é truailliú an chomhshaoil, fadhb a bhíonn ann de dheasca substaintí cógaisíochta daonna agus tréidliachta agus gur féidir leis tionchar a bheith aige ar an tsláinte phoiblí, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, bearta a chothú chun feabhas a chur ar mheasúnú agus ar bhainistiú iomchuí na rioscaí comhshaoil a bhaineann le táirgeadh, úsáid agus diúscairt táirgí íocshláinte i gcomhréir le Cur Chuige Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le Cógaisíocht sa Chomhshaol. |
| [15] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa 'Cur Chuige Straitéiseach an Aontais Eorpaigh i leith Cógaisíocht sa Chomhshaol', COM(2019)128 final an 11.3.2019. | [15] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa 'Cur Chuige Straitéiseach an Aontais Eorpaigh i leith Cógaisíocht sa Chomhshaol', COM(2019)128 final an 11.3.2019. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Bíonn tionchar láithreach ag reachtaíocht an Aontais ar an tsláinte phoiblí, ar shaol na saoránach, ar éifeachtúlacht agus athléimneacht na gcóras sláinte agus ar dhea-fheidhmiú an | (25) Bíonn tionchar láithreach ag reachtaíocht an Aontais ar an tsláinte ***agus sábháilteacht*** phoiblí, ar shaol na saoránach, ar éifeachtúlacht agus athléimneacht na gcóras sláinte agus ar |

mhargaidh inmheánaigh. An creat rialála atá ann do tháirgí agus teicneolaíochtaí leighis (táirgí íocshláinte, feistí leighis agus substaintí de bhunús daonna), chomh maith leis an reachtaíocht maidir le tobac, cearta othar i gcúram sláinte trasteorann agus bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, is rud fíor-riachtanach é chun an tsláinte a chosaint san Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacú le forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht sláinte an Aontais agus sonraí ardcháilíochta, inchomparáide agus iontaofa a sholáthar chun bheith ina dtaca do cheapadh beartas agus faireachán.

dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. An creat rialála atá ann do tháirgí agus teicneolaíochtaí leighis (táirgí íocshláinte, feistí leighis agus substaintí de bhunús daonna), chomh maith leis an reachtaíocht maidir le tobac, cearta othar i gcúram sláinte trasteorann agus bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, is rud fíor-riachtanach é chun an tsláinte a chosaint san Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacú le forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht sláinte an Aontais, ***i gcomhar le comhpháirtithe lárnacha amhail EMA agus ECDC,*** sonraí ardcháilíochta***, neamhchlaonta***, inchomparáide agus iontaofa a sholáthar***, lena n-áirítear sonraí cúraim sláinte san fhíorshaol a bhailítear go háitiúil ar fud na hEorpa, trí mhodheolaíocht aonchineálach dea-shainithe,*** chun tacú le ceapadh beartas agus faireachán***, spriocanna a leagan síos agus uirlisí a fhorbairt chun dul chun cinn a thomhas***.

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(26) An comhar trasteorann maidir le cúram sláinte a sholáthar d'othair a aistríonn idir Ballstáit, comhoibriú maidir le measúnuithe ar theicneolaíocht sláinte (HTA), agus líonraí tagartha Eorpacha, is samplaí iad de réimsí lena ngabhann breisluach mór agus an-phoitéinseal de thairbhe obair chomhtháite idir na Ballstáit chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht na gcóras sláinte a agus, dá bhrí sin, feabhas a chur ar an tsláinte i gcoitinne. Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, ***tacú le gníomhaíochtaí chun gur féidir*** obair

*Leasú*

(26) An comhar trasteorann maidir le cúram sláinte a sholáthar d'othair a aistríonn idir Ballstáit ***nó ag maireachtáil i réigiúin teorann***, comhoibriú maidir le measúnuithe ar theicneolaíocht sláinte (HTA), agus líonraí tagartha Eorpacha, is samplaí iad de réimsí lena ngabhann breisluach mór agus an-phoitéinseal de thairbhe obair chomhtháite idir na Ballstáit chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht na gcóras sláinte a agus, dá bhrí sin, feabhas a chur ar an tsláinte i gcoitinne. Ba cheart don Chlár dá bhrí ***a bheith dírithe ar a***

chomhtháite agus chomhordaithe den sórt sin a dhéanamh, ***ar gníomhaíochtaí iad lena*** gcothaítear cur chun feidhme cleachtais ardtionchair, cleachtais arb é is aidhm dóibh na hacmhainní atá ar fáil a dháileadh ar an mbealach is éifeachtaí is féidir ar an bpobal agus ar na réimsí ***lena mbaineann*** chun a dtionchar a uasmhéadú.

***áirithiú go*** ndéanfar an obair chomhtháite agus chomhordaithe sin ***a fhorbairt agus a chur chun feidhme a mhéid is féidir é i réimsí amhail HTA agus ERNanna***. ***D'fhóinfeadh sé sin*** chun cleachtais ardtionchair a chur chun feidhme, ar cleachtais iad a bhfuil sé mar aidhm leo na hacmhainní atá ar fáil a dháileadh ar an mbealach is éifeachtaí is féidir ar na ***grúpaí ábhartha den*** phobal agus ar na réimsí lena mbaineann chun a dtionchar a uasmhéadú.

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(26a) Is prionsabail de chuid an Aontais iad dlúthpháirtíocht agus aontacht agus ba cheart go n-áiritheodh an clár go bhfuil cur chuige comhleanúnach ag an Aontas i leith bagairtí sláinte trasteorann a chomhrac. D'fhonn freagairt ar bhagairtí sláinte poiblí, ba cheart don Chlár faoi Airteagal 168 CFAE tacú le cruthú Sásra Eorpaigh um Fhreagairt Sláinte, arna chomhordú ag ECDC agus faoi stiúir an Choimisinéara Sláinte agus an Choimisinéara um Bainistiú Géarchéime, i ndlúthchomhordú le gníomhaireachtaí eile AE i réimse na sláinte. Ba cheart an Sásra sin lena acmhainní dílse leighis faoi Shásra Aontais um Chosaint Shibhialta neartaithe a ullmhú le plean éigeandála paindéime, chun freagairt chomhordaithe a bheith aige agus an cumas an fhreagairt ar ghéarchéimeanna sláinte sa todhchaí a uas-scálú go tapa, bunaithe ar fhaisnéis chaighdeánaithe.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Is líonraí fíorúla iad na líonraí tagartha Eorpacha, a bunaíodh de bhun Threoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, líonraí a bhaineann le soláthraithe cúraim sláinte ar fud na hEorpa. Is é is aidhm dóibh plé a éascú maidir le galair aimpléiseacha nó galair neamhchoitianta agus maidir le neamhoird a dteastaíonn cóireáil ardspeisialaithe agus ard-dlús eolais agus acmhainní lena n-aghaidh. Ós rud é gur féidir leis na Líonraí feabhas a chur ar an rochtain ar fháthmheas agus ar sholáthar cúraim sláinte ar ardchaighdeán d'othair a bhfuil neamhoird neamhchoitianta orthu agus gur féidir leo a bheith ina bpointí fócais maidir le hoiliúint leighis agus taighde agus scaipeadh faisnéise, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, rannchuidiú leis an líonrú a mhéadú trí líonraí tagartha Eorpacha, agus trí líonraí trasnáisiúnta eile. Ba cheart dó breithniú a dhéanamh ***ar líonraí tagartha Eorpacha a leathnú amach*** chun galair theagmhálacha agus neamhtheagmhálacha amhail ailse ***a chumhdach*** chomh maith le galair ***neamhchoitianta***. | (27) Is líonraí fíorúla iad na líonraí tagartha Eorpacha, a bunaíodh de bhun Threoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, líonraí a bhaineann le soláthraithe cúraim sláinte ar fud na hEorpa. Is é is aidhm dóibh plé a éascú maidir le galair aimpléiseacha nó galair neamhchoitianta agus maidir le neamhoird a dteastaíonn cóireáil ardspeisialaithe agus ard-dlús eolais agus acmhainní lena n-aghaidh. ***Is ardán ceannródaíoch atá in ERNanna a thugann deis uathúil agus, bunaithe ar úsáid agus comhroinnt nuálach eolais agus sonraí sláinte trasna teorainneacha, a bhfuil sé mair aidhm leo feabhas a chur ar dhiagnóis agus ar chúram do dhaoine a bhfuil galair neamhchoitianta nó aimpléiseacha orthu. Ba cheart don Chlár, dá bhrí sin, cistiú leormhaith a sholáthar chun tacú le gníomhaíochtaí comhordúcháin agus comhoibríochta arna ndéanamh ag ERNanna atá cheana ann nó a bheidh ann sa todhchaí trí bhíthin deontais nó ionstraimí eile atá cuí don chuspóir. Ba cheart go ndéanfadh sé méadú ar an gcistiú atá faoi láthair ann lena áirithiú go ndéanann ERNanna na cuspóirí atá leagtha amach ina misean a chomhlíonadh.*** Ós rud é gur féidir leis na Líonraí feabhas a chur ar an rochtain ar dhiagnóis agus ar sholáthar cúraim sláinte ardcháilíochta d'othair a bhfuil neamhoird neamhchoitianta orthu agus gur féidir leo a bheith ina bpointí fócais maidir le hoiliúint leighis agus taighde agus scaipeadh faisnéise, ba cheart don Chlár ***freisin*** rannchuidiú le huas-scálú an líonraithe trí na ERNanna agus trí líonraí trasnáisiúnta eile. Ba cheart dó smaoineamh ar ***ERNanna a atreisiú agus ar thacú le ERNanna nua a chruthú chun galair*** |

***ionfhabhtaíocha, toirchis chasta agus galair mheabhairshláinte neamhchoitianta agus aimpléiseacha a chlúdach. Is féidir le hatreisiú ERNanna ról ríthábhachtach a bheith aige chun tacú le creat scagthástála nuafhorbartha coiteann a ghlacadh ar leibhéal an Aontais, ag tosú le critéir agus sásraí roghnúcháin i gcás galar, agus é mar aidhm aige an ceann is fearr a fháil ar na héagothromaíochtaí atá ann cheana ó thaobh an chlúdaigh scagthástála de ar fud na mBallstát. Ba cheart leis an gclár go ndéanfaí breithniú freisin ar líonraí barr feabhais a fhorbairt i réimse*** na ngalar teagmhálach agus neamh-theagmhálach***, lena n-áirítear*** ailse ***agus ailse phéidiatrach, galar cardashoithíoch, galar riospráide ainsealach, diaibéiteas, riochtaí meabhairshláinte, galair néarmheathlúcháin agus mórghalair ainsealacha eile, agus i réimse an bhainistithe géarchéime sláinte***.

[16] Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm (IO L 88, 4.4.2011, lch. 45).

[16] Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm (IO L 88, 4.4.2011, lch. 45).

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(27a) Tá dúshláin shuntasacha roimh na ERNanna maidir lena áirithiú go bhfuil siad inbhuanaithe ó thaobh airgeadais agus go bhfuil siad in ann oibriú go héifeachtach laistigh agus ar fud na gcóras náisiúnta cúram sláinte, mar a thug Cúirt Iniúchóirí na hEorpa chun suntais, ina "Tuarascáil speisialta uimh. 07/2019: Gníomhaíochtaí an Aontais*** |

***maidir le cúram sláinte trasteorann”[26a].***

***[16a] IO C 192, 7.6.2019, lch. 5.***

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Chun an breisluach agus an tionchar is fearr a fháil ó infheistíochtaí a chistítear go hiomlán nó go páirteach trí bhuiséad an Aontais, ba cheart sineirgí a lorg go háirithe idir an Clár do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte agus cláir eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear na sineirgí sin atá faoi bhainistíocht chomhroinnte. Chun an úsáid is mó is fearr a bhaint as na sineirgí sin, ba cheart príomhshásraí cumasúcháin a áirithiú, lena n-áirítear cistiú carnach i ngníomhaíocht ón gClár do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte agus ó chlár eile de chuid an Aontais, chomh fada agus nach mó an cistiú carnach sin ná costais incháilithe iomlána na gníomhaíochta. Chun na críche sin, ba cheart rialacha iomchuí a leagan amach leis an Rialachán seo, go háirithe maidir leis an bhféidearthacht an costas nó an caiteachas céanna a dhearbhú ar bhonn pro rata leis an gClár do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte agus do chlár eile de chuid an Aontais. | (30) Chun an breisluach agus an tionchar is fearr a fháil ó infheistíochtaí a chistítear go hiomlán nó go páirteach trí bhuiséad an Aontais, ba cheart sineirgí a lorg go háirithe idir an Clár do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte agus cláir eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear na sineirgí sin atá faoi bhainistíocht chomhroinnte agus gníomhaireachtaí an Aontais, ***go háirithe clár Interreg, a thugann aghaidh cheana ar chomhar trasteorann i réimse na sláinte agus a chabhraíonn le soghluaisteacht trasteorann othar agus gairmithe sláinte a éascú, agus chun rochtain ar chúram sláinte ardcháilíochta a fhorbairt trí threalamh coiteann, seirbhísí comhroinnte agus saoráidí comhpháirteacha a úsáid i gceantair trasteorann.*** Chun an úsáid is mó is fearr a bhaint as na sineirgí sin***, agus dúbláil a sheachaint***, ba cheart príomhshásraí cumasúcháin a áirithiú, lena n-áirítear cistiú carnach i ngníomhaíocht ón gClár do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte agus ó chlár eile de chuid an Aontais, chomh fada agus nach mó an cistiú carnach sin ná costais incháilithe iomlána na gníomhaíochta. Chun na críche sin, ba cheart rialacha iomchuí a leagan amach leis an Rialachán seo, go háirithe |

[2] IO C 192, 7.6.2019, lch. 5.

maidir leis an bhféidearthacht an costas nó an caiteachas céanna a dhearbhú ar bhonn pro rata leis an gClár do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte agus do chlár eile de chuid an Aontais, ***agus tuairisciú mionsonraithe agus trédhearcach á ráthú***.

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) I bhfianaise chineál sonrach na gcuspóirí agus na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an gClár, is iad údaráis inniúla na mBallstát is fearr a bheidh in ann i gcásanna áirithe na gníomhaíochtaí gaolmhara a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, maidir le húdaráis dá leithéidí, arna n-ainmniú ag na Ballstáit iad féin, ba cheart a mheas gur tairbhithe sainaitheanta iad chun críoch Airteagal 195 den Rialachán Airgeadais agus ba cheart na deontais a dhámhachtain ar na húdaráis sin gan glao ar thograí a fhoilsiú roimh ré. | (31) I bhfianaise chineál sonrach na gcuspóirí agus na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an gClár, is iad údaráis inniúla na mBallstát is fearr a bheidh in ann i gcásanna áirithe na gníomhaíochtaí gaolmhara a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, maidir le húdaráis dá leithéidí, arna n-ainmniú ag na Ballstáit iad féin, ba cheart a mheas gur tairbhithe sainaitheanta iad chun críoch Airteagal 195 den Rialachán Airgeadais agus ba cheart na deontais a dhámhachtain ar na húdaráis sin gan glao ar thograí a fhoilsiú roimh ré. ***Ba cheart infheistíochtaí ón gClár a chur chun feidhme i ndlúthchomhar leis na Ballstáit go háirithe i réimsí a thagann faoi inniúlachtaí náisiúnta.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(31a) Chun a áirithiú go ndéanfar gach ceann de na cuspóirí sin a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais, ba cheart don Choimisiún an buiséad a mhéadú agus ba cheart dó togra a thíolacadh chun sainorduithe ECDC agus EMA a neartú, a bhfuil roinnt de chuspóirí EU4 maidir le Sláinte á saothrú cheana acu ar a leibhéal féin, agus ba cheart go mbeadh ról níos mó acu i gcur chun feidhme an Chláir.*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Toisc luachanna coiteanna na dlúthpháirtíochta maidir le cumhdach cothrom uilíoch a dhéanamh ar sheirbhísí sláinte ar ardchaighdeán a bheith mar bhonn do bheartais an Aontais sa réimse sin agus toisc ról lárnach a bheith ag an Aontas maidir le dlús a chur leis an dul chun cinn a dhéanfar i dtaca le dúshláin dhomhanda sláinte[19], ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacú le rannchuidiú an Aontais le tionscnaimh sláinte idirnáisiúnta agus dhomhanda d'fhonn an tsláinte a fheabhsú, aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas agus cosaint i gcoinne bagairtí sláinte domhanda a mhéadú. | (33) Toisc luachanna coiteanna na dlúthpháirtíochta maidir le cumhdach ***inrochtana,*** cothrom uilíoch a dhéanamh ar sheirbhísí sláinte ar ardchaighdeán***, lena n-áirítear i gcomhthéacs trasteorann,*** a bheith mar bhonn do bheartais an Aontais sa réimse sin agus toisc ról lárnach a bheith ag an Aontas maidir le dlús a chur leis an dul chun cinn a dhéanfar i dtaca le dúshláin dhomhanda sláinte[19], ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacú le rannchuidiú an Aontais le tionscnaimh sláinte idirnáisiúnta agus dhomhanda d'fhonn an tsláinte a fheabhsú, aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas agus cosaint i gcoinne bagairtí sláinte domhanda a mhéadú. |
| [19] Conclúidí ón gComhairle maidir le ról an Aontais Eorpaigh sa tSláinte Dhomhanda, an 3011ú cruinniú de chuid na Comhairle Gnóthaí Eachtracha, an Bhruiséil, an 10 Bealtaine 2010. | [19] Conclúidí ón gComhairle maidir le ról an Aontais Eorpaigh sa tSláinte Dhomhanda, an 3011ú cruinniú de chuid na Comhairle Gnóthaí Eachtracha, an Bhruiséil, an 10 Bealtaine 2010. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34.**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) Chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais agus gníomhaíochtaí idirnáisiúnta a uasmhéadú, ba cheart comhar a chothú le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha amhail na Náisiúin Aontaithe agus a ngníomhaireachtaí speisialaithe, go háirithe an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), an Banc Domhanda, agus Comhairle na hEorpa agus an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD), chun an tsraith Sláinte a chur chun feidhme. De bhun Airteagal 94 de Chinneadh 2013/755/AE[20] ón gComhairle, daoine agus eintitis atá lonnaithe i dTíortha agus Críocha Thar Lear (TCLanna) tá siad incháilithe do chistiú faoi réir rialacha agus chuspóirí an Chláir agus faoi réir aon socrú féideartha is infheidhme maidir leis an mBallstát a bhfuil na tíortha agus na críocha thar lear nasctha leis. | (34) Chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais agus gníomhaíochtaí idirnáisiúnta a uasmhéadú, ba cheart comhar a chothú ***leis na Ballstáit agus*** le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha amhail na Náisiúin Aontaithe agus a ngníomhaireachtaí speisialaithe, go háirithe an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), an Banc Domhanda, agus Comhairle na hEorpa agus an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD), chun an tsraith Sláinte a chur chun feidhme. De bhun Airteagal 94 de Chinneadh 2013/755/AE[20] ón gComhairle, daoine agus eintitis atá lonnaithe i dTíortha agus Críocha Thar Lear (TCLanna) tá siad incháilithe do chistiú faoi réir rialacha agus chuspóirí an Chláir agus faoi réir aon socrú féideartha is infheidhme maidir leis an mBallstát a bhfuil na tíortha agus na críocha thar lear nasctha leis. |
| [20] Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir le comhlachas na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an Aontas Eorpach ("an Cinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear") (IO L 344, 19.12.2013, lch. 1). | [20] Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir le comhlachas na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an Aontas Eorpach ("an Cinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear") (IO L 344, 19.12.2013, lch. 1). |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(34a) Ba cheart go ráthódh an clár go bhfuil baint láidir ag an tsochaí shibhialta, go háirithe cumainn othar, agus lucht acadúil, go háirithe cumainn gairmithe cúram sláinte, chun ionadaíocht chothrom agus rannpháirtíocht i gcuspóirí sláinte poiblí a bhaint amach. Ba cheart d'eagraíochtaí sláinte na hEorpa rannchuidiú le cur chun feidhme an chláir agus meastóireacht a dheanamh air.*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(34b) Ionas go ndéanfar na gníomhaíochtaí atá sa Chlár a chur chun feidhme go comhleanúnach, ba cheart Bord Stiúrtha EU4Health a bhunú.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(39a) De réir EDS, déanann an t-athrú aeráide difear do dheitéarmanaint shóisialta agus chomhshaoil na sláinte, lena-n-áirítear aer glan, uisce óil atá sábháilte, dóthain bia agus dídean slán agus meastar go dtarlóidh 250 000 bás breise, ó droch-chothú, maláire, an bhuinneach agus strus teasa, gach bliain*** |

***idir 2030 agus 2050, le teochtanna aeir fíor-ard ag rannchuidiú go díreach le básanna, go háirithe i measc daoine scothaosta agus daoine leochaileacha. Trí thuilte, teastonnta, triomaigh agus dóiteáin, tá tionchar as cuimse ag an athrú aeráide ar shláinte an duine, lena n-áirítear tearc-chothú, galair chardashoithíocha agus riospráide agus infhabhtuithe veicteoir-iompartha.***

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Mar léiriú ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, rannchuideoidh an Clár seo leis na gníomhaíochtaí a dhéantar ar son na haeráide a phríomhshruthú i mbeartais an Aontais agus leis an sprioc fhoriomlán a bhaint amach go gcaithfear ***25*** % de chaiteachas bhuiséad an Aontais a bheith ag tacú le cuspóirí aeráide. Sainaithneofar na gníomhaíochtaí ábhartha le linn ullmhú agus chur chun feidhme an Chláir, agus déanfar athmheasúnú orthu i gcomhthéacs na meastóireachta meántéarma ar an gClár. | (40) Mar léiriú ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, rannchuideoidh an Clár seo leis na gníomhaíochtaí a dhéantar ar son na haeráide a phríomhshruthú i mbeartais an Aontais agus leis an sprioc fhoriomlán a bhaint amach go gcaithfear ***30*** % de chaiteachas bhuiséad an Aontais a bheith ag tacú le cuspóirí aeráide. Sainaithneofar na gníomhaíochtaí ábhartha le linn ullmhú agus chur chun feidhme an Chláir, agus déanfar athmheasúnú orthu i gcomhthéacs na meastóireachta meántéarma ar an gClár. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(40a) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé comhionannas inscne a bhaint amach, ba cheart don Chlár seo rannchuidiú le comhionannas inscne a phríomhshruthú i mbeartais an Aontais. Ba cheart dó uirlisí príomhshruthaithe inscne agus buiséadaithe inscne a úsáid chun a áirithiú go bhfreagraítear ar ghéarchéimeanna sláinte ar bhealach atá íogair ó thaobh inscne agus claochlaitheach agus go dtugtar aghaidh ar shainriachtanais sláinte na mban agus na gcailíní le linn géarchéim sláinte agus ina diaidh.*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) I dtaca leis an gcuspóir maidir le daoine san Aontas a chosaint ar bhagairtí den sórt sin agus maidir le cosc agus ullmhacht ar ghéarchéimeanna a fheabhsú, ní féidir leis na Ballstáit an cuspóir sin a ghnóthú go leordhóthanach agus iad ag gníomhú ina n-aonar i bhfianaise chineál agus scála na mbagairtí trasteorann ar shláinte an duine. I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, is ***féidir*** gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais freisin chun tacú le hiarrachtaí na mBallstát leibhéal ard cosanta don tsláinte phoiblí a bhaint amach, chun feabhas a chur ar infhaighteacht agus ar inacmhainneacht cógas, feistí leighis agus táirgí eile atá ábhartha i gcás géarchéime san Aontas, | (43) I dtaca leis an gcuspóir maidir le daoine san Aontas a chosaint ar bhagairtí den sórt sin agus maidir le cosc agus ullmhacht ar ghéarchéimeanna a fheabhsú, ní féidir leis na Ballstáit an cuspóir sin a ghnóthú go leordhóthanach agus iad ag gníomhú ina n-aonar i bhfianaise chineál agus scála na mbagairtí trasteorann ar shláinte an duine. I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ***ba cheart*** gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais freisin chun tacú le hiarrachtaí na mBallstát leibhéal ard cosanta don tsláinte phoiblí a bhaint amach, chun feabhas a chur ar infhaighteacht***, inbhuanaitheacht, inghlacthacht, inrochtaineacht, sábháilteacht*** agus ar inacmhainneacht |

| | |
|---|---|
| chun tacú leis an nuálaíocht agus chun tacú le hobair chomhtháite chomhordaithe agus dea-chleachtais a chur chun feidhme i measc na mBallstát, agus chun aghaidh thabhairt ar éagothromaíochtaí maidir le rochtain ar chúram sláinte ar fud an Aontais ar bhealach lena gcuirtear leis an éifeachtúlacht agus le tionchair bhreisluacha nach bhféadfadh a bhaint amach trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus inniúlacht agus freagracht na mBallstát sna réimsí sin atá cumhdaithe sa Chlár á n-urramú. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú. | cógas, feistí leighis agus táirgí ***agus seirbhísí*** eile atá ábhartha i gcás géarchéim sláinte san Aontas, chun tacú leis an nuálaíocht agus chun tacú le hobair chomhtháite chomhordaithe agus dea-chleachtais a chur chun feidhme i measc na mBallstát ***agus i measc a réigiún,*** agus chun aghaidh thabhairt ar éagothromaíochtaí ***agus ar neamhionannais*** maidir le rochtain ar chúram sláinte ar fud an Aontais ar bhealach lena gcuirtear leis an éifeachtúlacht agus le tionchair bhreisluacha nach bhféadfadh a bhaint amach trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus inniúlacht agus freagracht na mBallstát sna réimsí sin atá cumhdaithe sa Chlár á n-urramú. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú. |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3) ciallaíonn "géarchéim shláinte" aon ghéarchéim nó aon teagmhas tromchúiseach a eascraíonn ó bhagairt de bhunús daonna, ainmhíoch, plandaí, an bhia ***nó na timpeallachta***, a mbaineann gné shláinte leis agus ar gá do na húdaráis beart a dhéanamh dá barr; | (3) ciallaíonn "géarchéim sláinte" aon ghéarchéim nó aon teagmhas tromchúiseach a eascraíonn ó bhagairt de bhunús daonna, ainmhíoch, plandaí, an bhia, ***ceimiceach, bitheolaíoch, raideolaíoch, núicléach, comhshaoil nó anaithnid*** a mbaineann gné na sláinte leis agus ar gá do na húdaráis beart práinneach a dhéanamh dá barr; |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) ciallaíonn "táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime" táirgí agus substaintí a bhfuil gá leo, i gcomhthéacs géarchéime sláinte, chun galar agus na hiarmhairtí a bhaineann leis a chosc, a dhiagnóisiú nó a chóireáil, ***ina n-áirítear*** an méid seo, ach nach bhfuil teoranta dó: táirgí íocshláinte – lena n-áirítear vacsaíní – agus a n-idirmheánaigh, a gcomhábhair chógaisíochta ghníomhacha agus a n-amhábhair; feistí leighis; trealamh ospidéil agus leighis (amhail aerálaithe, éadaí agus trealamh cosanta, ábhair agus uirlisí diagnóiseacha); trealamh cosanta pearsanta; díghalráin agus a dtáirgí idirmheánacha agus amhábhair atá riachtanach lena dtáirgeadh); | (4) ciallaíonn "táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime" táirgí***, uirlisí*** agus substaintí a bhfuil gá leo, i gcomhthéacs géarchéime sláinte, chun galar agus na hiarmhairtí a bhaineann leis a chosc, a dhiagnóisiú nó a chóireáil, ***agus chun faireachán a dhéanamh ar fhaireachas eipidéimeolaíoch galar agus ionfhabhuithe ina n-áirítear an méid seo a leanas,*** ach nach bhfuil teoranta dó: táirgí íocshláinte – lena n-áirítear vacsaíní – agus a n-idirmheánaigh, a gcomhábhair chógaisíochta ghníomhacha agus a n-amhábhair; feistí leighis; trealamh ospidéil agus leighis (amhail aerálaithe, éadaí agus trealamh cosanta, ábhair agus uirlisí diagnóiseacha); trealamh cosanta pearsanta; díghalráin agus a dtáirgí idirmheánacha agus amhábhair atá riachtanach lena dtáirgeadh); |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Ciallaíonn "an cur chuige Aon Sláinte Amháin" cur chuige ina n-aithnítear ***go bhfuil*** sláinte an duine ***agus sláinte*** ainmhithe ***nasctha*** le chéile, gur féidir galair a tharchur ó ***dhaoine go hainmhithe agus vice versa*** agus gur gá, dá bhrí sin, dul i ngleic leo i ndaoine agus in ainmhithe ***araon, agus gur nasc é an timpeallacht idir na daoine agus na hainmhithe***; | (5) Ciallaíonn "an cur chuige Aon Sláinte Amháin" cur chuige ina n-aithnítear ***an t-idirnasc idir*** na ***réimsí*** daonna***,*** ainmhithe ***agus comhshaoil***, gur féidir galair a tharchur ***ó cholún amháin go colún*** eile agus dá bhrí sin go gcaithfear dul i ngleic leo i ***gcur chuige iomlánaíoch***; |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) ciallaíonn "bagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte" guais atá ina bagairt ar an mbeatha nó atá ina bagairt thromchúiseach ar bhealach eile ar an tsláinte ar de bhunús bitheolaíoch, ceimiceach nó na timpeallachta í nó nach eol a bunús a scaipeann thar theorainneacha náisiúnta na mBallstát nó a bhfuil baol mór ann go scaipfidh sé tharstu agus ar féidir gur gá comhordú a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go mbeidh ardleibhéal cosanta ann ó thaobh shláinte an duine de; | (9) ciallaíonn "bagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte" guais atá ina bagairt ar an mbeatha nó atá ina bagairt thromchúiseach ar bhealach eile ar an tsláinte ar de bhunús bitheolaíoch, ceimiceach, ***raideolaíoch, núicléach,*** nó na timpeallachta í nó nach eol a bunús a scaipeann thar theorainneacha náisiúnta na mBallstát nó a bhfuil baol mór ann go scaipfidh sé tharstu agus ar féidir gur gá comhordú a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go mbeidh ardleibhéal cosanta ann ó thaobh shláinte an duine de; |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) Ciallaíonn 'cúrsaí sláinte a chuimsiú i ngach réimse beartais' cur chuige maidir le beartais phoiblí a fhorbairt, a chur chun feidhme agus athbhreithniú a dhéanamh orthu, gan beann ar an earnáil, trína gcuirtear na himpleachtaí sláinte de chinntí san áireamh, agus lena bhféachtar le sineirgí a bhaint amach, agus tionchair dhíobhálacha sláinte a d'fheadfadh a bheith mar thoradh ar bheartais den sórt sin a sheachaint, chun sláinte an daonra agus cothromas sláinte a fheabhsú***; |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9b) Ciallaíonn "deitéarmanaint sláinte" raon tosca, amhail tosca bitheolaíocha, socheacnamaíocha agus comhshaoil a bhaineann le hiompar, a mbíonn tionchar acu ar stádas sláinte duine;*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is iad na cuspóirí ginearálta seo a leanas a bheidh ag an gClár, i gcomhréir leis an gcur chuige "Aon Sláinte Amháin" i gcás inarb ábhartha: | Is iad na cuspóirí ginearálta seo a leanas a bheidh ag an gClár, i gcomhréir leis an ***gcur chuige "cúrsaí sláinte a chuimsiú i ngach réimse beartais' i gcás inarb infheidhme"*** agus leis an gcur chuige 'Aon Sláinte Amháin'***:*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***1) daoine*** san Aontas ***a chosaint ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann*** ar an tsláinte; | ***(1) sláinte san Aontas a fheabhsú agus a chothú, trí thacú le cur chun cinn na sláinte agus le galair a chosc, éagothromaíochtaí sláinte a laghdú agus rochtain chomhionann agus iomlán ar shláinte a áirithiú***; |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) daoine san Aontas a chosaint ar aon bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte; tacú le hullmhacht agus comhordú níos fearr a fhorbairt agus a chur chun feidhme laistigh de na Ballstáit agus eatarthu maidir le héigeandálaí sláinte;*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Feabhas a chur ar infhaighteacht ***cógas, feistí leighis agus táirgí eile san Aontas atá ábhartha ó thaobh na géarchéime de, rannchuidiú lena*** n-inacmhainneacht, agus tacú le nuálaíocht. | (2) ***tacú le reachtaíocht agus beartais an Aontais atá ann agus a bheidh ann amach anseo, d'fhonn, inter alia, neamhspleáchas cógaisíochta a athbhunú agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais,*** infhaighteacht***, inrochtaineacht agus*** inacmhainneacht ***cúraim agus seirbhísí sláinte san Aontas*** a fheabhsú, agus tacú le ***taighde*** agus nuálaíocht ***chomh maith le forbairt i sláinte. agus cúram sláinte gan dúbláil a dhéanamh ar iarrachtaí faoi chláir eile, lena n-áirítear Fís Eorpach;*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Córais sláinte agus an lucht saothair cúraim sláinte a dhaingniú, lena n-áirítear le claochlú digiteach agus le hobair mhéadaithe chomhtháthaithe idir na | (3) córais sláinte agus ***a n-inbhuanaitheacht a neartú, chomh maith leis*** an lucht saothair cúraim sláinte, lena n-áirítear trí chlaochlú digiteach agus trí |

| | |
|---|---|
| Ballstáit, le cur chun feidhme marthanach an dea-***chleachtais agus*** na comhroinnte sonraí, chun leibhéal ginearálta na sláinte poiblí a ardú. | obair chomhtháite agus chomhordaithe mhéadaithe i measc na mBallstát, ***lena n-áirítear ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, trí*** chur chun feidhme marthanach na ***gcleachtas*** is fearr***, agus trí chomhroinnt*** sonraí ***inchomparáide agus idir-inoibritheacha***, ***agus é mar aidhm*** leibhéal ginearálta na sláinte poiblí***, na litearthachta sláinte*** a mhéadú ***agus córais sláinte a dhéanamh níos athléimní agus níos freagraí***. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar na cuspóirí ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 3 a shaothrú trí na cuspóirí sonracha seo a leanas, ***i gcomhréir leis an gcur chuige "Aon Sláinte Amháin",*** i gcás inarb ábhartha: | Déanfar na cuspóirí ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 3 a shaothrú trí na cuspóirí sonracha seo a leanas, i gcomhréir leis an ***gcur chuige 'Sláinte i mbeartais uile' i*** g***cás inarb ábhartha*** agus leis an gcur chuige 'Aon Sláinte Amháin'***:*** |

**Leasú 226**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) acmhainn an Aontais a neartú maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i leith bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus maidir le bainistíocht géarchéimeanna sláinte, lena n-áirítear trí acmhainn an chúraim sláinte éigeandála a chomhordú, a sholáthar agus a chur in úsáid, trí bhailiú sonraí agus trí fhaireachas; | (1) acmhainn an Aontais a neartú maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt ***ghasta*** i leith bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus maidir le bainistíocht géarchéimeanna sláinte, lena n-áirítear trí acmhainn an chúraim sláinte éigeandála a chomhordú, a sholáthar agus a chur in úsáid, trí bhailiú sonraí agus trí fhaireachas, ***trí thástáil struis na gcóras cúraim sláinte náisiúnta a chomhordú*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus trí chaighdeáin cúraim sláinte ar ardcháilíocht a fhorbairt;*** |

**Leasú 250**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) ***infhaighteacht cúlchistí nó stoc-charn de tháirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú*** san Aontas ***chomh maith le cúltaca*** oibrithe leighis, cúraim sláinte agus tacaíochta lena gcur i mbun oibre i gcás géarchéime; | (2) tacú, ***i sineirgíocht le hionstraimí, cláir agus cistí*** an Aontais, le gníomhaíochtaí ionas go bhféadfar oibrithe leighis, cúraim sláinte agus tacaíochta a chur i mbun oibre i gcás géarchéime***, amhail oibrithe an Chóir Liachta Eorpaigh, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar oiliúint na n-oibrithe agus nuachóiriú a dhéanamh ar a n-eolas, agus tacú le gníomhaíocht chun rannchuidiú le fáil san Aontas, le linn géarchéime, ar tháirgí atá ábhartha i ngéarchéim sláinte, amhail cógais, vacsaíní agus feistí leighis atá riachtanach***; |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) ***tacú le gníomhaíochtaí*** chun infhaighteacht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht táirgí atá ***ábhartha i gcás géarchéime*** agus soláthairtí riachtanacha sláinte eile a áirithiú; | (3) ***Margadh Leigheasra na hEorpa a neartú,*** chun a áirithiú ***ar bhealach inbhuanaithe*** infhaighteacht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht táirgí ***íocshláinte***, ***réitigh r-shláinte, gairis leighis*** agus soláthairtí riachtanacha eile ***a bhaineann le*** sláinte ***agus táirgí íocshláinte a bhaineann le géarchéim***; |

**Leasú 222**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) éifeachtacht, inrochtaineacht, inbhuanaitheacht agus athléimneacht córas sláinte a neartú, lena n-áirítear trí thacú le claochlú digiteach, ***glacadh uirlisí agus seirbhísí digiteacha,*** athchóirithe sistéamacha, cur chun feidhme samhlacha cúraim nua ***agus*** clúdach sláinte uilíoch, ***agus aghaidh a thabhairt ar*** éagothromaíochtaí i sláinte; | (4) éifeachtacht, inrochtaineacht, inbhuanaitheacht agus athléimneacht córas sláinte a neartú, lena n-áirítear trí thacú le claochlú digiteach, ***lena n-áirítear Spás Eorpach Sonraí Sláinte a chruthú agus a chur chun feidhme***, athchóirithe sistéamacha, cur chun feidhme samhlacha cúraim nua, ***feabhas a chur ar an rochtain chomhionann agus thráthúil ar sheirbhísí cúraim sláinte agus ar sheirbhísí cúraim ghaolmhara atá inbhuanaithe, inacmhainne, dírithe ar an duine agus bunaithe ar thorthaí,*** clúdach sláinte |

| | |
|---|---|
| | uilíoch ***a bhaint amach***, ***a chuimsíonn rochtain ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe, agus*** éagothromaíochtaí ***agus*** neamhionannais i sláinte ***a laghdú***; |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) nuálaíocht an Aontais a neartú chun a áirithiú go ndéanfar an chéad ghlúin eile de chógais leighis, de vacsaíní agus d'fheistí leighis a fhorbairt, agus go nglacfar leo, ar mhaithe le freastal ar na dúshláin agus ionchais mhéadaithe sa chúram sláinte a thiocfaidh chun cinn;*** |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) tacú le gníomhaíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu acmhainn córas sláinte a neartú i dtaca le galar a chosc ***agus*** an tsláinte a chur chun cinn, cearta othar agus cúram sláinte trasteorann***, agus a fheabhas atá gairmithe leighis agus gairmithe cúraim sláinte a chur chun cinn***; | (5) tacú le gníomhaíochtaí atá dírithe ar chumas an chórais sláinte a neartú chun galair a chosc***, a scagadh agus a dhiagnóisiú go luath,*** agus cur chun cinn na sláinte ***a chur chun feidhme, aghaidh a thabhairt ar dheitéarmanaint sláinte, litearthacht*** sláinte, cearta ***agus sábháilteacht*** othar agus cúram sláinte trasteorann ***a fheabhsú***; |

**Leasú 245**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) tacú le gníomhaíocht maidir le galair neamhtheagmhálacha, an ailse go háirithe, a chosc, a dhiagnóisiú, a chóireáil, faireachas a dhéanamh orthu agus cóir leighis a thabhairt ina leith; | (6) tacú le gníomhaíocht maidir le galair neamhtheagmhálacha a chosc, a dhiagnóisiú, a chóireáil, faireachas a dhéanamh orthu agus cóir leighis a thabhairt ina leith, ***diagnóis thapa ar neamhoird néaraimheathlúcháin agus galar inchinne eile,*** an ailse go háirithe; |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) comhrac an Aontais i gcoinne ailse a neartú i sineirgíocht le Plean na hEorpa chun an Ailse a Chomhrac, lena n-áirítear trí thacú le gníomhartha chun faireachas, cosc, fáthmheas luath agus cóireáil agus cúram ailse, lena n-áirítear ailse phéidiatrach, agus trí thacú le hInstitiúid Ailse na hEorpa a bhunú***; |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 6 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6b) an comhrac i gcoinne galair theagmhálacha agus bagairtí sláinte a neartú;*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 6 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6c) aghaidh a thabhairt ar an drogall roimh an vacsainiú , agus tacú le gníomhaíocht chun galair inchoiscthe trí vacsaíniú a dhíchur, lena n-áirítear ailsí;*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) tacú le húsáid stuama éifeachtúil cógas, ábhair fhrithmhiocróbacha go háirithe, agus an úsáid sin a chothú, agus tacú le ***cógais*** agus feistí leighis a tháirgeadh ***agus*** a dhiúscairt ar bhealach níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol ***agus*** an táirgeadh agus diúscairt sin a chothú; | (7) úsáid ***eolasach***, stuama agus éifeachtúil cógais a chothú agus tacú leis, agus go háirithe frithmhiocróbach, ***forbairt cógas nach bhfuil chomh díobhálach don chomhshaol iontu féin,*** táirgeadh ***cógas*** atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus diúscairt ***atá slán ó thaobh an chomhshaoil*** de ***tháirgí íocshláinte*** agus de fheistí leighis; |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) tacú le forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht an Aontais maidir leis an tsláinte agus sonraí ardcháilíochta inchomparáide iontaofa a sholáthar chun bheith mar bhonn taca le ceapadh beartas agus faireachán, agus | (8) tacú le forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú, ***agus, i gcás inar gá, athbhreithniú ar*** reachtaíocht sláinte an Aontais, agus sonraí ardcháilíochta, inchomparáide, iontaofa, mar bhonn le ceapadh beartais agus leis an bhfaireachán |

| | |
|---|---|
| measúnuithe tionchair sláinte a dhéanamh ar bheartais ábhartha a chur chun cinn; | ar bheartais***, tacú le soláthar cúraim agus freagairt do riachtanais leighis gan chomhlíonadh***, agus úsáid measúnuithe tionchair sláinte beartas ábhartha ***eile*** de chuid an ***Aontais*** a chur chun cinn. |

**Leasuithe 246 agus 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) tacú le hobair chomhtháite i measc na mBallstát, agus a gcórais sláinte go háirithe, lena n-áirítear cur chun feidhme cleachtas coisctheacha ardtionchair, agus cur le líonrú trí na líonraí ***tagartha Eorpacha*** nó líonraí trasnáisiúnta eile; | (9) tacú le hobair chomhtháite i measc na mBallstát, agus go háirithe ina gcórais sláinte, lena n-áirítear cur chun feidhme cleachtas coisctheach ardtionchair, ***tacú le sainaithint teicneolaíochtaí sláinte a éilítear le dul faoi mheasúnú an Aontais, agus*** líonrú ***a neartú*** agus a uas-scálú trí na ***ERNanna, líonraí barr feabhais a fhorbairt agus a chur chun feidhme*** maidir le ***galair theagmhálacha agus neamh-theagmhálacha an-choitianta*** agus líonraí trasnáisiúnta eile***, lena n-áirítear líonra Orphanet***, ***i sineirgíocht iomlán le Fís Eorpach agus a Misin agus a Comhpháirtíochtaí, agus é mar aidhm aige clúdach na n-othar agus an fhreagairt ar ghalair, agus fadhbanna sláinte, a mhéadú***; |

**Leasú 223**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) tacú le rannchuidiú an Aontais le tionscnaimh idirnáisiúnta agus dhomhanda maidir le sláinte. | (10) tacú le rannchuidiú an Aontais le ***gealltanais agus*** tionscnaimh idirnáisiúnta agus dhomhanda maidir le sláinte, ***lena n-áirítear rochtain ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe.*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is é EUR ***1 946 614 000***, de réir praghsanna reatha, a bheidh san imchlúdach airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an chláir don tréimhse 2021-27. | 1. Is é EUR ***10 398 000 000*** i bpraghsanna reatha ***(EUR 9 370 000 000 i bpraghsanna seasta)*** a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chláir don tréimhse 2021-27. |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a úsáid le haghaidh cúnamh teicniúil agus cúnamh riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme, cuir i gcás gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha. | 2. Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a úsáid ***freisin*** le haghaidh cúnamh teicniúil agus cúnamh riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme, cuir i gcás gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha. ***Ní rachaidh na costais riaracháin a*** |

| | |
|---|---|
| | ***bhaineann le gníomhaíochtaí indíreacha thar 5 % den mhéid iomlán faoin gClár.*** |

**Leasú 75**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 6*** | ***scriosta*** |
| ***Acmhainní ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh*** | |
| ***Na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán [Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh] cuirfear chun feidhme faoin gClár iad le méid suas go dtí EUR 8 451 000 000 de réir praghsanna reatha dá dtagraítear i bpointe (iii) d'Airteagal 3(2)(a) den Rialachán sin, faoi réir Airteagal 5(4) agus (8).*** | |
| ***Is éard a bheidh sna méideanna sin ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.*** | |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) Áireofar ranníocaíochtaí na dtíortha comhlachaithe uile sna codanna ábhartha den Chlár. Déanfaidh an Coimisiún an buiséad iomlán maidir le gach cuid den Chlár a thuairisciú don Chomhairle agus don Pharlaimint le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, agus gach ceann de na tíortha comhlachaithe, a ranníocaíochtaí aonair agus a gcomhardú airgeadais á sainaithint aige.*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is tríd an mbainistíocht dhíreach a chuirfear an Clár chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 nó tríd an mbainistíocht indíreach leis na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 62(1) (c) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046. | 1. Is tríd an mbainistíocht dhíreach a chuirfear an Clár chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 nó tríd an mbainistíocht indíreach leis na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 62(1) (c) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046***, chun a áirithiú nach bhfuil aon fhorluí ná dúbailt le cláir mhaoinithe eile ar leibhéal an Aontais***. |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfar cistiú a sholáthar ón gClár, agus an cistiú sin in aon cheann de na foirmeacha a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, go háirithe deontais, duaiseanna agus soláthar. | 2. Féadfar cistiú a sholáthar ón gClár, agus an cistiú sin in aon cheann de na foirmeacha a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, go háirithe deontais, duaiseanna agus soláthar. ***Féachfaidh an Coimisiún le cumhdach geografach éifeachtach agus cothromaithe a bhaint amach ar fud an Aontais, lena n-áirítear trí thacú leis na Ballstáit cur le cáilíocht na dtionscadal trí achmhainní a fhorbairt.*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Déanfaidh an Coimisiún cur chun feidhme comhsheasmhach an Chláir a éascú agus simpliú riaracháin uasta á lorg aige. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit, i gcomhréir lena gcuid freagrachtaí faoi seach, sineirgí a chothú agus comhordú éifeachtach idir an Clár agus cláir agus cistí eile an Aontais a áirithiú.*** <br><br> ***Chun na críche sin, déanfaidh siad na nithe seo a leanas:*** <br><br> ***(a) a áirithiú go bhfuil comhlántacht, comhleanúnachas agus sineirgíocht idir ionstraimí éagsúla ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, agus, i gcás inarb iomchuí, ar an leibhéal réigiúnach, go háirithe i ndáil le bearta arna maoiniú le cistí de chuid an Aontais, le linn chéim na pleanála agus le linn chéim an chur chun feidhme;*** <br><br> ***(b) sásraí comhordúcháin a bharrfheabhsú chun athobair a sheachaint;*** <br><br> ***(c) dlúthchomhar a áirithiú idir iad sin atá freagrach as cur chun feidhme ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus, i gcás inarb iomchuí, ar an leibhéal réigiúnach chun gníomhaíochtaí tacaíochta comhleanúnacha agus cuíchóirithe a bhaint amach faoin ionstraim.*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4b. Déanfaidh an Coimisiún comhar a chothú le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha amhail na Náisiúin Aontaithe agus a ngníomhaireachtaí speisialaithe,*** |

| | |
|---|---|
| | ***go háirithe an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO), agus le Comhairle na hEorpa agus an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD), agus an Clár á chur chun feidhme aige, chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta a uasmhéadú.*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 4 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4c. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le húdaráis sláinte na mBallstát sa Ghrúpa Stiúrtha um Chur Chun Cinn na Sláinte, Cosc Galar agus Bainistiú Galar Neamhtheagmhálach nó i ngrúpaí saineolaithe ábhartha eile de chuid an Choimisiúin chomh maith le geallsealbhóirí, go háirithe comhlachtaí gairmiúla in earnáil na sláinte agus ENRanna atá gníomhach sa réimse, ag gach céim de chur chun feidhme an Chláir.*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***'Airteagal 9a*** |
| | ***Critéir dhámhachtana*** |
| | ***Déanfar na critéir dhámhachtana a shainiú sna cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 18 agus sna glaonna ar thograí*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus cuirfear san áireamh, a mhéid is infheidhme, na heilimintí seo a leanas:*** ***(a) comhsheasmhacht leis na sainchuspóirí dá bhforáiltear in Airteagal 4;*** ***(b) rannchuidiú le hinrochtaineacht agus inacmhainneacht an chórais sláinte;*** ***(c) an ghné thrasteorann;*** ***(d) rannchuidiú le claochlú digiteach;*** ***(e) tionchar sóisialta (sochair agus costais);*** ***(f) comhsheasmhacht le forálacha Iarscríbhinn 1;*** ***(g) rannchuidiú le galair a chosc agus go háirithe ailse;*** ***(h) rannchuidiú le rochtain ar leigheas;*** ***(i) aibíocht na gníomhaíochta maidir le forbairt an tionscadail;*** ***(j) a fhónta is a bheidh an plean cur chun feidhme a bheartaítear;*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cruthófar sásra iontaofa agus éifeachtúil chun aon dúbláil ar chistiúchán a sheachaint agus chun sineirgí a áirithiú idir na cláir agus na beartais éagsúla de chuid an Aontais a bhfuil cuspóirí sláinte á saothrú acu. Déanfar na sonraí uile faoi oibríochtaí agus gníomhaíochtaí cistithe arna maoiniú faoi chláir agus cistí éagsúla de chuid an Aontais a lárú faoin sásra seo. Leanfaidh sé prionsabail na trédhearcachta agus na cuntasachta agus fágfaidh go mbeifear in ann faireachán agus meastóireacht níos fearr a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí lena*** |

***saothraítear cuspóirí sláinte.***

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) aon eintiteas dlíthiúil a bunaíodh faoi dhlí an Aontais nó aon eagraíocht idirnáisiúnta; | (b) aon eintiteas dlíthiúil a bunaíodh faoi dhlí an Aontais nó aon eagraíocht ***ábhartha*** idirnáisiúnta ***amhail údaráis phoiblí, comhlachtaí san earnáil phoiblí, bunaíochtaí sláinte, institiúidí taighde, ollscoileanna agus bunaíochtaí ardoideachais, cumainn othar***; |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***I bprionsabal***, ba cheart d'eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtríú tír nach bhfuil comhlachaithe leis an gclár costais a rannpháirtíochta a sheasamh. | 3. Eintitis dhlíthiúla atá bunaithe i dtríú tír nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, ba cheart dóibh costais a rannpháirtíochta a thabhú. |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Faoin gClár, féadfar deontais dhíreacha a dhámhachtain gan glao ar thograí, chun gníomhaíochtaí a chistiú ***a bhfuil*** breisluach soiléir acu don Aontas agus atá cómhaoinithe ag na húdaráis inniúla atá freagrach as gnóthaí sláinte sna Ballstáit nó sna tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár, ag eagraíochtaí idirnáisiúnta sláinte nó ag comhlachtaí den earnáil phoiblí agus ag comhlachtaí neamhrialtasacha, ag gníomhú dóibh ina n-aonar nó mar líonra, agus sainordú acu ó na húdaráis sin. | 5. Faoin gClár, féadfar deontais dhíreacha a dhámhachtain gan glao ar thograí, chun gníomhaíochtaí a chistiú ***más amhlaidh atá údar cuí leis na deontais sin, más amhlaidh atá*** breisluach soiléir acu don Aontas a bheith acu agus más amhlaidh iad a bheith á gcómhaoiniú ag na húdaráis inniúla ***áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta*** atá freagrach as gnóthaí sláinte sna Ballstáit nó sna tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár, ag eagraíochtaí idirnáisiúnta sláinte ábhartha ***nó ag cláir Interreg,*** nó ag comhlachtaí den earnáil phoiblí agus ag comhlachtaí neamhrialtasacha, ag gníomhú dóibh ina n-aonar nó mar líonra, agus sainordú acu ó na húdaráis sin. |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Faoin gClár, ***féadfar*** deontais dhíreacha a dhámhachtain gan glao ar thograí do ***líonraí tagartha Eorpacha***. Féadfar deontais dhíreacha a dhámhachtain freisin do líonraí trasnáisiúnta eile a leagtar amach i gcomhréir le ***rialacha an Aontais***. | 6. Faoin gClár, ***déanfar*** deontais dhíreacha, d'uireasa glao ar thograí, a dhámhachtain do ***ERNanna a bhaineann úsáid as córas simplithe um thuairisciú airgeadais agus teicniúil.*** Féadfar deontais dhíreacha a dhámhachtain freisin do líonraí trasnáisiúnta eile, ***lena n-áirítear cláir Interreg,*** a leagtar amach i gcomhréir le ***dlí an Aontais.*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Áiritheofar cistiú leormhaith chun an tsamhail ERN de chúram sláinte trasteorann a chomhdhlúthú agus a fhorleathnú trí sholáthar raoin seirbhísí cliniciúla a dhaingniú ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear dara tuairimí ar líne agus comhairle speisialtóra d'othair maidir le cóireáil agus bainistiú agus i ndáil le clinicí 'othair sheachtraigh ar líne'.*** |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le húdaráis sláinte na mBallstát laistigh den Ghrúpa Stiúrtha um Chur Chun Cinn na Sláinte, Cosc Galar agus Bainistiú Galar Neamhtheagmhálach i dtaobh na bpleananna oibre arna mbunú don Chlár agus i dtaobh a thosaíochtaí agus a threonna straitéiseacha agus a chur chun feidhme. | Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le húdaráis sláinte na mBallstát laistigh den Ghrúpa Stiúrtha um Chur Chun Cinn na Sláinte, Cosc Galar agus Bainistiú Galar Neamhtheagmhálach i dtaobh na bpleananna oibre ***bliantiúla*** arna mbunú don Chlár agus i dtaobh a thosaíochtaí agus a threoshuíomhanna straitéiseacha agus a chur chun feidhme ***agus i dtaobh sineirgí féideartha le hacmhainní dílse na mBallstát chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach gníomhaíochtaí a áirithiú.*** |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an nGrúpa Stiúrtha EU4Health maidir leis na pleananna oibre bliantúla arna mbunú don Chlár agus maidir le tosaíochtaí, treoshuíomhanna straitéiseacha agus cur chun feidhme an Chláir, agus maidir le sineirgí féideartha le cistí Eorpacha chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach na ngníomhaíochtaí a áirithiú.*** |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle freisin le gníomhaireachtaí díláraithe ábhartha an Aontais agus le geallsealbhóirí, amhail ionadaithe eagraíochtaí na sochaí sibhialta, go háirithe eagraíochtaí othar, maidir le pleananna oibre bliantúla arna mbunú don Chlár agus maidir le tosaíochtaí, treoshuíomhanna straitéiseacha agus cur chun feidhme an Chláir.*** |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Glacfaidh an Coimisiún na pleananna oibre bliantúla trí bhíthin gníomhartha tarmligthe. Déanfar na gníomhartha tarmligthe sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24 den Rialachán seo.*** |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 16 a*** |
| | ***Grúpa Stiúrtha EU4Health a bhunú*** |
| | ***1. Bunóidh an Coimisiún Grúpa Stiúrtha EU4Health ('an Grúpa Stiúrtha').*** |
| | ***2. Déanfaidh an Grúpa Stiúrtha an méid seo a leanas:*** |
| | ***(i) ionchur a sholáthar, i bhfoirm straitéise agus stiúrtha chuimsithigh, agus rannchuidiú leis na pleananna oibre bliantúla don Chlár;*** |
| | ***(ii) treoirphlean a fhorbairt le haghaidh comhordú, comhar agus sineirgí idir an Clár agus Cláir eile ina bhfuil gné shláinte comhtháite a stiúradh;*** |
| | ***(iii) gníomhaíochtaí sláinte luach-dhírithe, inbhuanaitheacht agus réitigh sláinte níos fearr a sholáthar, rochtain ar shláinte a chothú agus éagothromaíochtaí sláinte a laghdú, rannpháirteachas ag othair agus ag an tsochaí a chur chun cinn.*** |

***3. Beidh an Grúpa Stiúrtha ina ghrúpa de gheallsealbhóirí neamhspleácha, a bheidh comhdhéanta de ghníomhaithe i réimse na sláinte poiblí, amhail ionadaithe Pharlaimint na hEorpa, saineolaithe sláinte neamhspleácha agus ionadaithe othar.***

***4. Beidh an Grúpa Stiúrtha comhdhéanta de 20 duine aonair ardleibhéil agus urraim á tabhairt do phrionsabal na cothromaíochta geografaí agus inscne, ó dhisciplíní agus ó ghníomhaíochtaí éagsúla dá dtagraítear i mír 3.***

***5. Is é an Coimisiún, i gcomhchomhairle leis an bParlaimint, a dhéanfaidh comhaltaí an Bhoird Stiúrtha a cheapadh agus déanfar an méid sin i ndiaidh glao oscailte ar ainmniúcháin nó glao oscailte ar léiriú spéise.***

***Déanfar comhaltaí a cheapadh ar feadh na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 1(2). Ceapfaidh an Coimisiún Cathaoirleach as measc a chomhaltaí freisin.***

***6. Beidh cruinniú ag an nGrúpa Stiúrtha trí huaire sa bhliain ar a laghad, rud a cheadóidh malartú tuairimí go tráthrialta agus malartú tuairimí trédhearcach.***

***Maidir leis an treoirphlean le haghaidh comhordú, comhar agus sineirgí a stiúradh, éascóidh sé sin infheictheacht agus comhordú a áirithiú i dtaca leis na sásraí airgeadais uile atá ann cheana agus atá ábhartha don tsláinte, agus cuideoidh an treoirphlean sin le comhordú agus comhar a stiúradh.***

***Féadfaidh an Coimisiún dul i gcomhairle leis an nGrúpa Stiúrtha i dtaobh nithe seachas na nithe sin dá dtagraítear i mír 2.***

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is leis na cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a chuirfear an Clár chun feidhme. Leagfar amach leis na cláir oibre, i gcás inarb infheidhme, an méid foriomlán arna chur i leataobh le haghaidh oibríochtaí measctha. | Is leis na cláir oibre ***bliantúla*** dá dtagraítear in Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a chuirfear an Clár chun feidhme. Leagfar amach leis na cláir oibre, i gcás inarb infheidhme, an méid foriomlán arna chur i leataobh le haghaidh oibríochtaí measctha. |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Tacóidh measúnú tionchair inscne leis na cláir oibre.*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is in Iarscríbhinn II a leagtar amach na táscairí a úsáidfear le tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag an gClár maidir le gnóthú na gcuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagail 3 agus 4. | 1. Na táscairí, ***lena n-áirítear táscairí don Chlár agus táscairí atá sonrach do ghníomhaíochtaí,*** a úsáidfear chun tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag an gClár ionsar ghnóthú na gcuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagail 3 agus 4, tá siad leagtha amach in Iarscríbhinn II. |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Déanfaidh an Coimisiún faireachán leanúnach ar bhainistiú agus ar chur chun feidhme an Chláir. Chun trédhearcacht a fheabhsú, cuirfear ar fáil go poiblí na sonraí a dhéantar a nuashonrú ar bhonn leanúnach maidir leis an mbainistiú agus cur chun feidhme ar bhealach inrochtana ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.*** |
| | ***Go háirithe, áireofar sonraí do thionscadail atá cistithe sa bhunachar céanna. Áireofar an méid seo a leanas leis na sonraí:*** |
| | ***(a) faisnéis maidir leis na cineálacha maoinithe agus na cineálacha tairbhithe, lena gceadaítear do rianú trédhearcach ar leithdháiltí airgeadais; forléargas mionsonraithe ar na sineirgí le cláir eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag gníomhaireachtaí an Aontais, lena gceadaítear d’anailís cheart ar an gcomhlántacht idir gníomhaíochtaí éagsúla a bheidh le déanamh.*** |
| | ***(b) leibhéil an chaiteachais imdhealaithe ag an leibhéal tionscadail chun ceadú d’anailís shonrach, lena n-áirítear in aghaidh limistéar idirghabhála mar a shainítear in Airteagal 13 agus in Iarscríbhinn I.*** |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tabharfar de chumhacht don | 2. Tugtar de chumhacht don |

| | |
|---|---|
| Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24 maidir le leasuithe ar Iarscríbhinn II chun na táscairí a leasú nó a fhorlíonadh i gcás ina measfar gá a bheith leis sin. | Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24 a bhaineann le leasuithe ar Iarscríbhinn II chun na táscairí, ***lena n-áirítear táscairí don chlár agus táscairí atá sonrach do ghníomhaíochtaí,*** a leasú nó a fhorlíonadh i gcás ina measfar gá a bheith leis sin. |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Baileofar táscairí, i gcás inarbh ábhartha, agus iad imdhealaithe de réir inscne.*** |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Leis an gcóras tuairiscithe feidhmíochta, áiritheofar go mbaileofar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir, go mbaileofar iad ar dhóigh atá éifeachtúil éifeachtach tráthúil. Chuige sin, forchuirfear ceanglais chomhréireacha tuairiscithe ar fhaighteoirí cistí ón Aontas agus, i gcás inarb ábhartha, ar na Ballstáit. | 3. Leis an gcóras tuairiscithe feidhmíochta, áiritheofar go mbaileofar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar thorthaí an chláir ar bhealach atá éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil ***gan an t-ualach riaracháin a mhéadú do thairbhithe.*** Chuige sin, forchuirfear ceanglais chomhréireacha tuairiscithe ar fhaighteoirí cistí ón Aontas agus, i gcás inarb ábhartha, ar na Ballstáit. |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na meastóireachtaí, chomh maith lena bharúlacha féin, in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún. | 4. Déanfaidh an Coimisiún torthaí na meastóireachtaí ***eatraimh*** agus ***críochnaitheacha araon*** chomh maith lena bharúlacha féin ***a fhoilsiú***, a chur in iúl agus a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún. |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Áiritheofar leis an gcóras iniúchóireachta don Chlár go mbeidh cothromaíocht iomchuí ann idir iontaoibh agus rialú, agus costais riaracháin agus costais eile a bhaineann le rialú ar gach leibhéal á gcur san áireamh, go háirithe i dtaca le tairbhithe. Beidh rialacha iniúchóireachta soiléir, comhsheasmhach agus comhleanúnach le linn an Chláir.*** |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh an straitéis iniúchóireachta don Chlár bunaithe ar iniúchóireacht*** |

***airgeadais arna déanamh ar shampla ionadaíoch den chaiteachas ar fud an Chláir trí chéile. Comhlánófar an sampla ionadaíoch le rogha bunaithe ar mheasúnú ar na rioscaí a bhaineann leis an gcaiteachas. Gníomhaíochtaí a fhaigheann comhchistiú ó chláir éagsúla de chuid an Aontais, ní dhéanfar ach iniúchadh amháin orthu sin, lena gcumhdófar na cláir uile lena mbaineann agus a rialacha is infheidhme faoi seach.***

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Féadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin a bheith ag brath ar athbhreithnithe ar chóras comhcheangailte ar leibhéal na dtairbhithe. Beidh na hathbhreithnithe comhcheangailte den sórt sin roghnach do chineálacha áirithe tairbhithe agus déanfar iniúchadh ar chórais agus ar phróisis, rud a bheidh á chomhlánú le hiniúchadh ar idirbhearta, arna ndéanamh ag iniúchóir neamhspleách inniúil atá cáilithe chun iniúchtaí reachtacha a dhéanamh ar dhoiciméid chuntasaíochta i gcomhréir le Treoir 2006/43/CE.[1a] Féadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin iad a úsáid chun cinnteacht fhoriomlán maidir le bainistíocht fhónta airgeadais an chaiteachais agus chun leibhéal na n-iniúchtaí ex-post agus deimhnithe i ndáil le ráitis airgeadais a athmheas.*** |
| | ***[1a] Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, lena leasaítear*** |

***Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle (IO L 157, 9.6.2006, lch. 87)***

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Féadfar iniúchtaí a dhéanamh suas le dhá bhliain tar éis íocaíocht an iarmhéid.*** |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Foilseoidh an Coimisiún treoirlínte iniúchóireachta, leis an aidhm go n-áiritheofar cur i bhfeidhm agus léiriú iontaofa agus aonfhoirmeach ar na nósanna imeachta agus rialacha iniúchóireachta le linn ré an chláir.*** |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 19(2) a thabhairt | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 19(2) a thabhairt |

| | |
|---|---|
| don Choimisiún ***go dtí an 31 Nollaig 2028.*** | don Choimisiún ***go ceann tréimhse trí bliana ón [dáta theacht i bhfeidhm an Rialachán seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse 3 bliana, tuarascáil a ullmhú maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.*** |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe a – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) ***Bonneagar sláinte criticiúil*** atá ábhartha i gcomhthéacs géarchéimeanna sláinte, uirlisí, struchtúir, próisis, táirgeadh agus acmhainn saotharlainne, lena n-áirítear uirlisí chun faireachas, samhaltú, tuar, cosc agus bainistiú a dhéanamh ar ráigeanna. | (ii) ***Gníomhaíocht chomhordaithe*** atá ábhartha i gcomhthéacs géarchéimeanna sláinte, uirlisí, ***sásraí***, struchtúir, próisis, táirgeadh agus acmhainn saotharlainne, lena n-áirítear uirlisí chun faireachas, samhaltú, tuar, cosc agus bainistiú a dhéanamh ar ráigeanna. |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) Aistriú, oiriúnú agus cur i bhfeidhm dea-chleachtas agus réiteach nuálach ag a bhfuil breisluach cinnte ar leibhéal an Aontais idir na Ballstáit, agus tacaíocht | (b) Aistriú, oiriúnú agus cur i bhfeidhm dea-chleachtas agus réiteach nuálach ag a bhfuil breisluach cinnte ar leibhéal an Aontais idir na Ballstáit ***nó réigiúin***, agus |

| | |
|---|---|
| shaincheaptha thírshonrach do thíortha, nó do ghrúpaí tíortha, ina bhfuil an ganntar is mó, trí thionscadail shonracha a chistiú lena n-áirítear nascadh, comhairle ó shaineolaithe agus tacaíocht piaraí. | tacaíocht shaincheaptha thírshonrach do ***réigiúin nó*** do thíortha, nó do ghrúpaí ***réigiún nó*** tíortha, ina bhfuil an ganntar is mó, trí thionscadail shonracha a chistiú lena n-áirítear nascadh, comhairle ó shaineolaithe agus tacaíocht piaraí. |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe c – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) Suirbhéanna, staidéir, bailiú sonraí agus staidrimh, modheolaíochtaí, aicmithe, micrea-ionsamhlaithe, táscairí, bróicéireacht eolais agus cleachtaí tagarmharcanna; | (i) Suirbhéanna, staidéir, bailiú sonraí agus staidrimh ***inchomparáide, i gcás inarb ábhartha lena n-áirítear sonraí imdhealaithe de réir inscne agus aoise,*** modheolaíochtaí, aicmithe, micrea-ionsamhlaithe, ***staidéir phíolótacha***, táscairí, bróicéireacht eolais agus cleachtaí tagarmharcanna; |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe c – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) Grúpaí agus painéil saineolaithe a chuireann comhairle, sonraí agus faisnéis ar fáil chun tacú le beartais sláinte a fhorbairt agus a chur chun feidhme; | (iii) Grúpaí agus painéil saineolaithe, ***lena n-áirítear ionadaithe geallsealbhóirí ábhartha i gcás inarb infheidhme,*** a chuireann comhairle, ***measúnú***, sonraí agus faisnéis ar fáil chun tacú le beartais sláinte a fhorbairt agus a chur chun feidhme, ***lena n-áirítear measúnuithe leantacha ar chur chun feidhme na mbeartas sláinte;*** |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe c – pointe iv**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) Staidéir agus anailísiú, agus comhairle eolaíoch chun tacú le ceapadh beartas, agus tacaíocht do na coistí eolaíocha maidir le "Sábháilteacht Tomhaltóirí" agus "Rioscaí Sláinte, Rioscaí Comhshaoil agus Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn". | (iv) Staidéir agus anailís, ***measúnú córasach ar an tionchar ar an tsláinte atá ag gníomhaíochtaí beartais eile de chuid an Aontais*** agus comhairle eolaíoch chun tacú le ceapadh beartas atá ***bunaithe ar fhianaise***, agus tacaíocht do na coistí eolaíocha maidir le 'Sábháilteacht Tomhaltóirí' agus 'Rioscaí Sláinte, Rioscaí Comhshaoil agus Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn', ***mar aon leis an ngrúpa saineolaithe maidir le*** '***Measúnú ar Fheidhmíocht na gCóras Sláinte'.*** |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe d – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) Reachtaíocht agus gníomhaíocht sláinte an Aontais a fhorbairt ***agus*** a chur chun feidhme, go háirithe trí thacú leis an méid seo a leanas: | (d) Reachtaíocht agus gníomhaíocht sláinte an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme ***agus a mheas,*** go háirithe trí thacú leis an méid seo a leanas: |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe d – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) Reachtaíocht agus gníomhaíocht sláinte an Aontais a chur chun feidhme, a fhorfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh orthu; agus tacaíocht theicniúil a thabhairt do chur chun feidhme na gceanglas dlíthiúil; | (i) Reachtaíocht agus gníomhaíocht sláinte an Aontais a chur chun feidhme, a fhorfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh orthu, ***lena n-áirítear an tsláinte a chur chun cinn***; agus tacaíocht theicniúil a thabhairt do chur chun feidhme ***iomlán*** na gceanglas dlíthiúil ***agus oibríochtúla ar fud na mBallstát***; |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe d – pointe iv**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) Bunachair sonraí agus uirlisí digiteacha a fhorbairt ***agus*** a oibriú agus idir-inoibritheacht na nithe sin, lena n-áirítear le teicneolaíochtaí braistinte eile i gcás inarb iomchuí, mar shampla teicneolaíochtaí spásbhunaithe; | (iv) Bunachair sonraí agus uirlisí digiteacha a fhorbairt, a oibriú ***agus a chothabháil*** agus idir-inoibritheacht na nithe sin, lena n-áirítear ***tionscadail atá bunaithe cheana***, le teicneolaíochtaí braistinte eile i gcás inarb iomchuí, mar shampla teicneolaíochtaí spásbhunaithe ***agus an intleacht shaorga***; |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe d – pointe v**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (v) Obair iniúchóireachta ***agus*** measúnaithe i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais; | (v) Obair iniúchóireachta, measúnaithe ***agus cigireachta*** i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais; |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe d – pointe x**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (x) Pointí teagmhála náisiúnta a thugann treoraíocht, faisnéis agus cúnamh a bhaineann le reachtaíocht sláinte an Aontais agus an Clár ***a*** chur chun feidhme; | (x) Pointí teagmhála náisiúnta a thugann treoraíocht, faisnéis agus cúnamh a bhaineann le reachtaíocht sláinte an Aontais agus an Clár ***a chur chun cinn agus*** a chur chun feidhme; |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe d – pointe xi**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (xi) Páirtithe leasmhara, ar mhaithe le comhar trasnáisiúnta. | (xi) Páirtithe leasmhara, ar mhaithe le comhar trasnáisiúnta ***agus réigiúnach***. |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(e) Stoc-charn struchtúrach agus ullmhúchán le haghaidh géarchéimeanna:*** | ***scriosta*** |

***(i) Sásra a bhunú chun táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a fhorbairt, a sholáthar agus a bhainistiú agus tacú leis an sásra sin.***

***(ii) Cúltaiscí agus stoc-chairn de chuid an Aontais, de tháirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, i gcomhlántacht le hionstraimí eile an Aontais;***

***(iii) Bunú agus bainistiú a dhéanamh ar shásraí chun faireachán agus leithdháileadh éifeachtúil a dhéanamh ar na saoráidí cúraim atá ar fáil (mar shampla leapacha ospidéil agus spásanna in Aonaid Dianchúraim), chun na hearraí agus na seirbhísí is gá a dháileadh nó a leithdháileadh i gcás géarchéim shláinte, agus chun soláthar agus úsáid shábháilte cógas, cógas imscrúdaitheach agus feistí leighis a áirithiú;***

***(iv) Soláthar na n-earraí agus na seirbhísí is gá chun géarchéimeanna sláinte a chosc agus a bhainistiú agus gníomhaíocht chun rochtain ar na hearraí agus na seirbhísí ríthábhachtacha sin a dhéanamh seasta;***

***(v) Cúltaisce de chuid an Aontais de bhaill foirne agus de shaineolaithe leighis agus cúraim sláinte a bhunú agus a oibriú chomh maith le sásra chun sochar a bhaint as an bhfoireann sin agus as na saineolaithe sin de réir mar is gá chun géarchéim sláinte a chosc nó freagairt uirthi ar fud an Aontais; foireann Éigeandála Sláinte de chuid an Aontais a bhunú agus a oibriú chun comhairle ó shaineolaithe agus cúnamh teicniúil a sholáthar arna iarraidh sin don Choimisiún i gcás géarchéim shláinte***

**Leasú 227**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe f – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) Gníomhaíochtaí, maidir le gníomhaithe ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, chun cabhrú le cosc, ullmhacht, bainistiú agus acmhainn freagartha na ngníomhaithe sin i dtaca le géarchéim shláinte, ar fud an Aontais agus ar bhonn trasearnálach, lena n-áirítear an phleanáil theagmhasach, cleachtaí ullmhachta agus uas-sciliú na bhfoirne atá i réimsí an leighis, an chúraim sláinte agus na sláinte poiblí; | (i) Gníomhaíochtaí, maidir le gníomhaithe ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, chun cabhrú le cosc, ullmhacht, bainistiú agus acmhainn freagartha na ngníomhaithe sin i dtaca le géarchéim shláinte, ar fud an Aontais agus ar bhonn trasearnálach, lena n-áirítear ***tástálacha struis,*** an phleanáil theagmhasach, cleachtaí ullmhachta, ***forbairt caighdeán cúraim sláinte ar ardcháilíocht*** agus uas-sciliú na bhfoirne atá i réimsí an leighis, an chúraim sláinte agus na sláinte poiblí; |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe f – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) Sásra Eorpach um Fhreagairt Sláinte (EHRM) a bhunú chun freagairt ar gach cineál bagartha agus géarchéime sláinte agus chun comhordú oibríochtúil ag an leibhéal Eorpach a neartú, arna gcomhordú ag ECDC le cúnamh ó na gníomhaireachtaí ábhartha;*** |

**Leasú 251**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe f – pointe i b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(i b) Rannchuidiú le cúltaca a bhunú do tháirgí atá ábhartha i ngéarchéim sláinte i gcomhlántacht le rescEU, an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála, an Ionstraim*** |

| | |
|---|---|
| | ***Athléimneachta agus ionstraimí, cláir agus cistí eile de chuid an Aontais, agus fáil ar na táirgí sin a áirithiú in amanna géarchéime;*** |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe f – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(iii) Tacú le frithbhearta leighis agus/nó soláthar a dhéanamh ar tháirgeadh éigeandála frithbheart leighis, lena n-áirítear ceimiceáin fhíor-riachtanacha agus substaintí gníomhacha, agus comhar i dtaca le measúnú ar theicneolaíocht sláinte éigeandála agus le trialacha cliniciúla a mhaoiniú;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe f – pointe iv**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) Gníomhaíochtaí coisctheacha chun grúpaí leochaileacha a chosaint ar bhagairtí sláinte agus gníomhaíochtaí chun an fhreagairt ar an ngéarchéim agus bainistiú na géarchéime a choigeartú chun freastal ar riachtanais na ngrúpaí leochaileacha sin; | (iv) Gníomhaíochtaí coisctheacha chun ***saoránaigh ar fad, go háirithe*** grúpaí leochaileacha a chosaint ar bhagairtí sláinte agus gníomhaíochtaí chun an fhreagairt ar an ngéarchéim agus bainistiú na géarchéime a choigeartú chun freastal ar riachtanais na ngrúpaí leochaileacha sin, ***amhail cúram bunúsach a áirithiú d'othair a bhfuil galar ainsealach orthu agus a bhfuil cúram maolaitheach agus cóireáil bainistithe péine ag teastáil*** |

| | |
|---|---|
| | ***uathu;*** |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe f – pointe iv a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iva) Gníomhaíochtaí chun tacú le r-shláinte, amhail an t-aistriú chuig an teilileigheas, cógas a thabhairt sa bhaile agus pleananna coisctheacha / féinchúraim a chur chun feidhme, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí;*** |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe f – pointe iv b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iv b) Gníomhaíochtaí chun tacú le comhar trasteorann chun rochtain ar chóireáil ghasta a áirithiú d'othair uile ar fud an Aontais, go háirithe dóibh siúd a bhfuil galar neamhchoitianta orthu;*** |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe f – pointe v**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (v) Gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí sláinte comhthaobhacha a bhaineann le géarchéim shláinte, go háirithe na hiarmhairtí sin i leith na sláinte meabhrach, i leith othair atá ag fulaingt ó ghalair ainsealacha agus i leith ***grúpaí*** leochaileacha eile; | (v) Gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí sláinte comhthaobhacha a bhaineann le géarchéim shláinte, ***agus*** chun iad ***a bhainistiú***, go háirithe na hiarmhairtí sin i leith na sláinte meabhrach, i leith othair atá ag fulaingt ó ghalair ainsealacha agus i leith ***staideanna*** leochaileacha eile, ***lena n-áirítear daoine a bhfuil andúil acu, a bhfuil VEID/SEIF orthu, nó a bhfuil eitinn orthu;*** |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe f – pointe viii a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(viii a) Tacú le gníomhaíocht maidir le faireachas eipidéimeolaíochta, lena ndírítear ar eintitis sláinte náisiúnta, agus dá réir sin, lena rannchuidítear le measúnú ar ghnéithe a dhéanann difear nó a chinneann sláinte na saoránach;*** |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe f – pointe viii b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(viii b) Gníomhaíochtaí lena n-áirithítear nach gcuirtear isteach ar rochtain ar chógais, agus lena n-áirithítear leanúnachas cúraim agus*** |

***cóireála, go háirithe d'othair a bhfuil riochtaí ainsealacha orthu;***

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe g – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) Córais náisiúnta sláinte a neartú: | (g) Córais náisiúnta sláinte a neartú, ***an tsláinte a chur chun cinn agus a chosaint agus galair a chosc:*** |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe g – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) Tacú le gníomhaíochtaí aistrithe eolais agus comhar ar leibhéal an Aontais chun cúnamh a thabhairt do phróisis athchóirithe náisiúnta lena ngabhfar i dtreo feabhsú ar éifeachtacht, inrochtaineacht, inbhuanaitheacht agus athléimneacht, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá sainaitheanta sa Seimeastar Eorpach agus chun cúram sláinte príomhúil a neartú, cúram sláinte a chomhtháthú agus tabhairt faoi chlúdach sláinte uilíoch agus rochtain chomhionann ar chúram sláinte; | (i) Tacú le gníomhaíochtaí aistrithe eolais agus comhar ar leibhéal an Aontais chun cúnamh a thabhairt do phróisis athchóirithe náisiúnta lena ngabhfar i dtreo feabhsú ar éifeachtacht, inrochtaineacht, inbhuanaitheacht agus athléimneacht, ***agus cistiú an Aontais atá ar fáil a nascadh ag an am céanna,*** go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá sainaitheanta sa Seimeastar Eorpach ***agus ag Moltaí Tírshonracha maidir leis an tsláinte,*** agus chun cúram sláinte príomhúil a neartú, cúram sláinte a chomhtháthú agus tabhairt faoi chlúdach sláinte uilíoch agus rochtain chomhionann ***a bhaint amach*** ar chúram sláinte atá ar ***ardchaighdeán***; |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe g – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) Tacú le beartais agus gníomhaíochtaí cur chun feidhme chun éagothromaíochtaí sláinte agus neamhionannais maidir le cúram sláinte a laghdú;*** |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe g – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) Cláir oiliúna le haghaidh baill foirne leighis agus cúraim sláinte, agus cláir chun baill foirne a mhalartú ar bhonn sealadach; | (ii) ***Tacú, i sineirge le Cláir eile,*** le cláir oiliúna, ***oideachais agus soghluaisteachta*** do bhaill foirne leighis agus cúraim sláinte, ***lena n-áirítear cláir ar líne,*** agus cláir chun baill foirne a mhalartú ar bhonn sealadach, ***go háirithe d'fhonn feabhas a chur ar a gcuraclaim agus ar a scileanna digiteacha;*** |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe g – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) Tacaíocht chun feabhas a chur ar | (iii) Tacú, ***i sineirge le Cláir eile,*** chun |

| | |
|---|---|
| dháileadh geografach na n-oibrithe cúraim sláinte ***agus*** ‘fásaigh leighis’ ***a sheachaint***; | feabhas a chur ar dháileadh geografach ***an*** lucht saothair cúraim sláinte, ***agus ag an am céanna a áirithiú go bhfuil dáileadh den sórt sin den lucht saothair comhréireach le daonra an limistéir nó an réigiúin i dtrácht, agus dá réir sin*** ‘fásaigh leighis’ ***a sheachaint agus beartais choinneála a chur chun cinn agus a chur chun feidhme;*** |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe g – pointe iv**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) Tacaíocht chun Saotharlanna ***agus*** Ionaid Tagartha de chuid an Aontais Eorpaigh a bhunú ***agus*** a chomhordú, mar aon le hIonaid bairr feabhais; | (iv) Tacú le bunú, comhordú ***agus imlonnú*** Saotharlanna agus Ionad Tagartha de chuid an Aontais Eorpaigh, Ionad Bairr Feabhais, ***agus ardán de chuid AE atá sonrach do ghalair chun dea-chleachtais idir na Ballstáit a mhalartú, a chur i gcomparáid le chéile agus a thagarmharcáil;*** |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe g – pointe v**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (v) Iniúchadh a dhéanamh ar ullmhacht na mBallstát agus ar a socruithe maidir le freagairt (mar shampla bainistiú géarchéime, frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach, vacsaíniú); | (v) Iniúchadh a dhéanamh ar ullmhacht na mBallstát agus ar a socruithe maidir le freagairt (mar shampla bainistiú géarchéime, frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach, vacsaíniú) ***agus ar chur chun feidhme a gclár nó a straitéisí náisiúnta maidir leis an tsláinte a chur*** |

| | |
|---|---|
| | ***chun cinn agus galair a chosc;*** |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe g – pointe viii a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(viii a) Tacú le creat de chuid an Aontais agus leis na huirlisí digiteacha idir-inoibritheach a bhaineann leo chun comhar maidir le measúnú ar theicneolaíochtaí sláinte i measc na mBallstát agus i líonraí a neartú, lena n-áirítear líonraí chun go mbeidh sé ar chumas na mBallstát measúnuithe cliniciúla comhpháirteacha, comhairliúcháin eolaíocha chomhpháirteacha agus gníomhaíochtaí ábhartha eile atá tráthúil, iontaofa agus ar ardcháilíocht a sholáthar agus a mhalartú chun tacú le cinnteoirí torthaí comhair maidir le HTA a mhalartú;*** |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe g – pointe ix**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ix) Tacú le cláir a bhunú agus a chur chun feidhme lena dtabharfar cúnamh do na Ballstáit agus dá ngníomhaíocht chun cur chun cinn na sláinte agus cosc ar ghalair a fheabhsú (i ndáil le galair theagmhálacha agus neamhtheagmhálacha); | (ix) Tacú le cláir ***náisiúnta agus Eorpacha*** a bhunú agus a chur chun feidhme, ***lena n-áirítear cláir dhigiteacha agus atá bunaithe ar fhianaise***, lena dtabharfar cúnamh do na Ballstáit agus dá ngníomhaíocht chun cur chun cinn na sláinte, ***litearthacht sláinte*** agus cosc ar ghalair a fheabhsú (i ndáil le galair |

theagmhálacha agus neamhtheagmhálacha) ***in aonaid sláinte agus i bpobail, agus na príomhghnéithe de ghalair ainsealacha a mhaolú;***

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe g – pointe ix a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ix a) Tacú le bunú agus feidhmiú ardán de chuid an Aontais a bhaineann go sonrach le galair chun dea-chleachtais idir na Ballstáit a mhalartú, a chur i gcomparáid lena chéile agus a thagarmharcáil, san fhoirm líonraí barr feabhais i réimse na ngalar teagmhálach agus neamhtheagmhálach, go háirithe i réimse na ngalar ainsealach;*** |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe g – pointe ix b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ix b) Tacú le treoirlínte a bhunú chun galair i réimse na ngalar teagmhálach agus neamhtheagmhálach araon a chosc agus a bhainistiú;*** |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe g – pointe x**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (x) Tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát chun timpeallachtaí uirbeacha, oibre agus scoile a chruthú a bheidh sláintiúil agus sábháilte, chun roghanna saoil sláintiúla a chumasú agus chun aistí bia sláintiúla a chur chun cinn agus riachtanais ***grúpaí leochaileacha*** á gcur san áireamh; | (x) Tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát chun timpeallachtaí uirbeacha, oibre agus scoile a chruthú a bheidh sláintiúil agus sábháilte, chun ***meabhairshláinte agus oideachas sláinte a chur chun cinn***, chun roghanna saoil sláintiúla a chumasú agus chun ***gníomhaíocht choirp rialta agus*** aistí bia sláintiúla a chur chun cinn agus riachtanais ***daoine ag gach céim dá saol á gcur san áireamh leis an aidhm sláinte ar feadh an tsaoil a chur chun cinn;*** |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe g – pointe x a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(x a) Tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát chun aghaidh a thabhairt ar dheitéarmanaint sláinte, lena n-áirítear laghdú ar dhochar a bhaineann le halcól agus úsáid tabac;*** |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe g – pointe x b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(x b) Tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát chun rochtain ar sheirbhísí*** |

***sláinte gnéis agus atáirgthe agus ar tháirgí leighis a bhaineann leo a áirithiú, agus cuir chuige comhtháite agus trasnacha maidir le cosc, diagnóis, cóireáil agus cúram a thacú;***

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe g – pointe x c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(x c) Gníomhaíochtaí lena gcuirtear cúram agus tacaíocht chun cinn d'íospartaigh ar fhoréigean inscne;*** |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe g – pointe x d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(x d) Gníomhaíochtaí lena ndéantar rochtain chomhionann ar sheirbhísí cúraim sláinte agus saoráidí a bhaineann leo agus ar chúram do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn;*** |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe g – pointe xi a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(xi a) Tacú leis na Ballstáit agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar a bpleananna náisiúnta maidir le galair neamhchoitianta chun na socruithe airgeadais agus eagraíochtúla is gá a chur i bhfeidhm chun córas na Líonraí Tagartha Eorpacha a chomhtháthú go héifeachtach sna córais sláinte náisiúnta trí tacú freisin le forbairt agus cur chun feidhme thacar na mbeartas, na rialacha agus na nósanna imeachta atá ag teastáil chun an córas ERN a dhaingniú ag an leibhéal náisiúnta;*** |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe g – pointe xi b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(xi b) Tacú le cur chun feidhme chóras na líonraí tagartha Eorpacha chun measúnú, faireachán, meastóireacht agus feabhsú cáilíochta leanúnach a dhéanamh;*** |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe g – pointe xi c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(xi c) Cistiú a chur i leataobh chun sásraí éifeachtacha agus buana a chruthú le haghaidh comhoibriú ERNanna chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais*** |

***ilchórais a thagann ó ghalair íseal-leitheadúlachta agus ó ghalair neamhchoitianta agus chun líonrú trasnánach idir speisialtachtaí agus disciplíní éagsúla a éascú;***

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe g – pointe xi d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(xi d) Tacú leis na mBallstáit a Lárionaid Saineolais do ghalair neamhchoitianta a neartú chun inniúlachtaí na gcóras sláinte náisiúnta a mhéadú maidir le galair den sórt sin a dhiagnóisiú, a chóireáil agus a bhainistiú, maidir le comhar trasnáisiúnta i ndáil le códú, faisnéis agus eolas i réimse galar neamhchoitianta, go háirithe bunachar sonraí Orphanet;*** |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe g – pointe xii a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(xii a) Tacú le comhar agus comhordú idir na Ballstáit chun Líonra Eorpach le haghaidh Barr feabhais Ospidéal a chruthú, lena bhfeabhsaítear cóireáil thrasteorann do ghalair neamhchoitianta agus rochtain ar chóireáil do gach saoránach an Aontais a mhéadú;*** |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe h – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) Gníomhaíochtaí i gcoinne na hailse: | (h) Gníomhaíochtaí maidir le hailse, ***lena n-áirítear ailse phéidiatrach:*** |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe h – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) Tacú leis na Ballstáit agus le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha i gcur chun cinn agus i ***gcur chun feidhme*** mholtaí an Chóid Eorpaigh i gCoinne na hAilse; | (i) Tacú leis na Ballstáit, leis an ***nGníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse*** agus le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha i gcur chun cinn agus i ***gcur chun feidhme*** mholtaí an Chóid Eorpaigh i gCoinne na hAilse; ***tacú le hathbhreithniú agus nuashonrú leanúnach ar eagrán reatha an Chóid Eorpaigh i gCoinne na hAilse;*** |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe h – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) Tacú le hInstitiúid Eorpach um Ailse (ECI) a bhunú mar ardán le haghaidh cur chun feidhme na Líonraí Tagartha Eorpacha maidir le hAilse, bailiú sonraí cliniciúla i measc ionad ó gach tír rannpháirteach ar fud an Aontais agus tosaíocht a thabhairt do chláir taighde barr feabhais acadúla agus cliniciúla i réimse na hailse lena n-áirítear ailse phéidiatrach;*** |

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe h – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) Tacú le cláir choisc maidir leis na príomhthosca riosca a bhaineann leis an ailse; | (iii) Tacú le cláir choisc maidir leis na príomhthosca riosca a bhaineann leis an ailse ***a bhfuil a n-éifeachtúlacht léirithe agus a bhfuil tacaíocht acu ó fhianaise;*** |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe h – pointe iv a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iva) Gníomhaíocht chun tacú le cur chun feidhme na clárlanna ailse sna Ballstáit uile;*** |

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe h – pointe v**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (v) Gníomhaíochtaí chun tacú le rochtain ar sheirbhísí ailse agus ar chógais nuálacha don ailse; | (v) Gníomhaíochtaí chun tacú le ***beartais, cláir náisiúnta agus treoirlínte a chur chun feidhme, i gcomhréir le plean na hEorpa maidir le Deireadh a Chur le hAilse, chun éagothromaíochtaí a laghdú*** agus rochtain ar sheirbhísí ailse, ar ***chúram tacúil agus maolaitheach***, agus ar scagthástáil, ***chóireáil agus*** cógais atá nuálach, ***inrochtana agus éifeachtach*** maidir le hailse ***a dheonú ar fud na mBallstát uile, i sineirge iomlán leis an bhFís Eorpach agus lena bunchuspóirí agus le comhpháirtíochtaí;*** |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe h – pointe v a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(va) Gníomhaíochtaí lena dtacaítear le rochtain chomhionann agus thráthúil ar chógais agus theiripí nua agus nuálach, lena n-áirítear le haghaidh cúram tacúil agus maolaitheach, le haghaidh urchóideachtaí péidiatracha, ar fud na hEorpa, agus infhaighteacht agus inacmhainneacht na gcógas agus na gcóireálacha sin i ndáileoga agus i bhfoirmlithe atá fabhrach do leanaí a chothú;*** |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe h – pointe v b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(v b) Gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais leanaí agus déagóirí a bhfuil ailse orthu, agus na ndaoine a tháinig slán ón ailse, ar riachtanais iad nach bhfuiltear ag freastal orthu, trí chláir agus pleananna tiomnaithe a chuirfidh ERN ar a chumas, lena n-áirítear cláir agus pleananna maidir le hailse phéidiatrach;*** |

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe h – pointe vii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (vii) Gníomhaíochtaí chun tacú le cáilíocht i dtaca le cosc agus cúram ailse, lena n-áirítear diagnóis agus cóir leighis; | (vii) Gníomhaíochtaí chun tacú le cáilíocht i dtaca le cosc agus cúram ailse, lena n-áirítear diagnóis agus cóir leighis, ***obair leantach, agus cúram tacúil agus maolaitheach;*** |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe h – pointe viii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (viii) Gníomhaíochtaí chun tacú le cáilíocht saoil na ndaoine a tháinig slán ón ailse agus na gcúramóirí; | (viii) Gníomhaíochtaí chun tacú le cáilíocht saoil daoine a tháinig slán ón ailse agus le cáilíocht saoil cúramóirí, ***lena n-áirítear tacaíocht shíceolaíoch, bainistíocht péine, agus athimeascadh gairmiúil a sholáthar;*** |

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe h – pointe ix**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ix) Tacú le cur chun feidhme bheartas agus reachtaíocht rialaithe tobac an Aontais; | (ix) Tacú le cur chun feidhme bheartas agus reachtaíocht rialaithe tobac an Aontais, agus le cur chun feidhme ***reachtaíochta gaolmhaire eile i réimse an choisc agus na sláinte a chur chun cinn, lena n-áirítear chun dhochar a bhaineann le halcól a laghdú;*** |

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe h – pointe x**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (x) Sásraí a bhunú, agus tacú leo, le haghaidh forbairt acmhainní tras-speisialtachtaí agus oideachas leanúnach i réimse an chúraim ailse. | (x) Sásraí a bhunú, agus tacú leo, le haghaidh forbairt acmhainní tras-speisialtachtaí agus oideachas leanúnach de ***ghairmithe cúraim sláinte agus de chúramóirí neamhfhoirmiúla*** i réimse an chúraim ailse, ***na scagthástála agus an fháthmheasa luaith, go háirithe i réimse*** |

***na hailse péidiatraí, leis an aidhm cáilíocht an chúraim a fheabhsú;***

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe h – pointe x a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(xa) Gníomhaíochtaí chun tacú le cur chuige atá comhtháiteach, comhordaithe, ildisciplíneach agus dírithe ar an othar maidir le hothair ailse agus daoine a tháinig slán ón ailse;*** |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe i – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) Tacú le gníomhaíochtaí chun dul i ngleic leis an drogall roimh an vacsaíniú; | (ii) Tacú le gníomhaíochtaí chun dul i ngleic leis an drogall roimh an vacsaíniú ***agus bréagaisnéis, agus imdhíonadh ar feadh céimeanna uile de shaol an duine a chur chun cinn;*** |

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe i – pointe ii a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iia) Tacú le huirlisí agus ardáin chun fíorfhianaise a bhailiú maidir le sábháilteacht, éifeachtacht agus tionchar vacsaíní tar éis úsáid a bhaint astu, gan dochar do ghiniúint na fianaise láidre sa chéim réamhcheadaithe;*** |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe i – pointe ii b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iib) tacú le gníomhaíocht le haghaidh deireadh a chur le galair atá inchoiscthe trí vacsaíniú;*** |

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe i – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) Tacú le trialacha cliniciúla chun dlús a chur le cógais agus vacsaíní nuálacha, sábháilte agus éifeachtacha a fhorbairt, a údarú agus a chur ar fáil; | (iii) Tacú le trialacha cliniciúla ***agus le húsáid a bhaint as fíorshonraí, lena n-áirítear iad siúd lena mbaineann comhordú méadaithe ar leibhéal an Aontais agus le EMA,*** chun dlús a chur le forbairt, údarú agus rochtain cógas agus vacsaíní nuálacha, sábháilte agus éifeachtacha; |

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe i – pointe iii a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(iiia) Tacú le gníomhaíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu sásra digiteach Eorpach a chruthú agus a fhorbairt chun tuairisciú, fógra a thabhairt agus faireachán a dhéanamh ar bhealach níos fearr ar ghanntanais a d'fhéadfadh a bheith ann, i bhfoirm ardán an Aontais le haghaidh ganntanais cógas, vacsaíní agus feistí leighis, bunaithe ar shamhail bailithe sonraí comhchuibhithe agus idir-inoibritheach amháin agus ar chórais tuairiscithe náisiúnta le haghaidh ganntanas, lena n-áirítear bonneagar teileamaitice éifeachtach an Aontais a nascfaidh sonraí maidir le cógais agus slabhraí soláthair a chur chun feidhme go hiomlán;*** |

**Leasú 168**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe i – pointe iii b (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(iiib) Tacú le gníomhaíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu méadú a spreagadh i dtáirgeadh APInna agus táirgí íocshláinte atá bunriachtanach san Aontas, lena n-áirítear trí shlabhraí soláthair a éagsúlú i dtáirgeadh comhábhar gníomhach agus cógas cineálach laistigh den Aontas chun spleáchas na mBallstát ar thríú tíortha áirithe a laghdú;*** |

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe i – pointe iv**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) Tacú le gníomhaíocht lena n-áiritheofar go mbeidh fáil níos mó ar ***chógais*** agus ar fheistí leighis san Aontas agus cuidiú lena n-inacmhainneacht d'othair agus do chórais leighis; | (iv) Tacú le gníomhaíocht lena n-áiritheofar go mbeidh fáil níos mó ar ***tháirgí íocshláinte*** agus ar fheistí leighis san Aontas agus ranncuidiú lena n-inacmhainneacht d'othair agus do chórais leighis; |

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe i – pointe v**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (v) Tacú le gníomhaíocht chun ***forbairt táirgí*** nuálacha ***agus táirgí ar lú an díol spéise iad ó thaobh na tráchtála de, amhail ábhair fhrithmhiocróbacha, a spreagadh;*** | (v) Tacú le gníomhaíocht chun ***fionnachtain agus forbairt cógas agus vacsaíní*** nuálacha a spreagadh ***chun dúshláin cúraim sláinte agus riachtanais othar a bhaint amach;*** |

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe i – pointe v a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(va) Tacú le gníomhaíochtaí chun nuálaíocht a chothú ó thaobh cógais iarphaitinne a athphróifíliú, a athmhúnlú*** |

***agus a chomhcheangal lena soláthraítear feabhsuithe ábhartha d'othair, do ghairmithe cúraim sláinte agus do chórais cúraim sláinte;***

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe i – pointe v b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(vb) Gníomhaíocht chun aghaidh a thabhairt ar chlistí margaidh maidir le hantaibheathaigh agus infheistíochtaí inbhuanaithe a spreagadh le haghaidh ábhair frithmhicróbacha nua, cógais do ghalair neamhchoitianta agus cógais chun comhrac i gcoinne galair teagmhálacha a fhionnadh agus a fhorbairt, agus rochtain chothrom a áirithiú ag an am céanna;*** |

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe i – pointe vi**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (vi) Tacú le gníomhaíocht chun faireachán a dhéanamh ar ghanntanais cógas agus feistí leighis sna hospidéil agus sna cógaslanna dáileacháin, chun aghaidh a thabhairt ar na ganntanais sin agus chun seasmhacht an tsoláthair a fheabhsú; | (vi) Tacú le gníomhaíocht chun ganntanais cógas agus feistí leighis sna hospidéil agus sna cógaslanna dáileacháin ***a chosc, a bhainistiú, a thuairisciú, fógra a thabhairt*** orthu agus faireachán a dhéanamh orthu, chun ***ganntanais tuairiscithe a bhailiú i mbunachar sonraí láraithe, atá idir-inoibritheach le bunachair shonraí ina bhfuil sonraí rialála maidir le cógais, chun*** aghaidh a |

thabhairt ar na ganntanais sin agus chun seasmhacht an tsoláthair a fheabhsú;

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe i – pointe viii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (viii) Gníomhaíocht chun measúnú riosca don chomhshaol, ó earraí cógaisíochta, a neartú; | (viii) Gníomhaíocht chun measúnú riosca don chomhshaol, ó earraí cógaisíochta ***agus feistí leighis,*** a neartú; |

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe i – pointe ix**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ix) Gníomhaíocht chun úsáid agus diúscairt stuama ábhar frithmhiocróbach a chur chun cinn; | (ix) Gníomhaíocht chun úsáid agus diúscairt stuama ***cógas, go háirithe*** ábhair fhrithmhiocróbach a chur chun cinn ***agus úsáid fhoriomlán na gcógas a laghdú, gníomhaíocht chun tacú le faireachas ar úsáid ábhair fhrithmhiocróbaigh agus chun tacú leis an gcomhrac i gcoinne frithsheasmhacht fhaighte fhrithmhiocróbach (AMR)***; |

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe i – pointe x**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (x) Tacú le gníomhaíocht chun ***cóineasú*** rialála idirnáisiúnta a chothú ***i dtaobh cógas*** agus feistí leighis. | (x) Tacú le gníomhaíocht chun ***cóineasú*** rialála idirnáisiúnta ***agus spleáchas*** a chothú ***i dtaobh táirgí íocshláinte*** agus feistí leighis, ***agus chun formhaoirseacht rialála ón Aontas a fheabhsú.*** |

**Leasú 177**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe j – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) Tacú le bonneagair seirbhísí digiteacha idir-inoibritheacha sheanbhunaithe a chur in úsáid, a oibriú agus a chothabháil, chomh maith le próisis dearbhaithe ***cáilíochta*** sonraí le haghaidh malartú, rochtain, úsáid agus athúsáid sonraí; tacú le líonrú trasteorann, lena n-áirítear trí ríomhthaifid leictreonacha, clárlanna agus bunachair sonraí eile ***a*** úsáid; | (i) Tacú le bonneagair seirbhísí digiteacha idir-inoibritheacha sheanbhunaithe a chur in úsáid, a oibriú agus a chothabháil, chomh maith le próisis dearbhaithe cáilíochta ***agus*** sonraí ***slándála*** le haghaidh malartú, rochtain, úsáid agus athúsáid sonraí; tacú le líonrú trasteorann, lena n-áirítear trí ríomhthaifid sláinte, clárlanna agus bunachair sonraí eile ***a fheabhsú agus*** a úsáid ar bhealach ***níos fearr***; |

**Leasú 178**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe j – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) Taifead Sláinte Leictreonach Eorpach a bhunú agus tacú lena chur chun feidhme sna Ballstáit chun úsáid r-shláinte a mhéadú agus chun*** |

| | |
|---|---|
| | ***inbhuanaitheacht agus athléimneacht na gcóras cúraim sláinte a fheabhsú;*** |

**Leasú 179**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe j – pointe i b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ib) Tacú leis na Ballstáit chun clárlanna ERN a fheabhsú, a fhorbairt agus a chur chun feidhme tuilleadh;*** |

**Leasú 180**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe j – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) Tacú le claochlú digiteach an chúraim sláinte agus na gcóras sláinte lena n-áirítear trí thagarmharcáil agus forbairt acmhainní chun dul i muinín uirlisí agus teicneolaíochtaí nuálacha; uas-sciliú digiteach na ***ngairmithe*** cúraim sláinte; | (ii) Tacú le claochlú digiteach an chúraim sláinte agus na gcóras sláinte lena n-áirítear trí thagarmharcáil agus forbairt acmhainní chun dul i muinín uirlisí agus teicneolaíochtaí nuálacha ***agus úsáid shábháilte agus ath-úsáid sonraí sláinte a neartú, i gcomhréir le RGCS; tacú agus cur chun feidhme*** uas-sciliú digiteach na ***ngairmithe*** cúraim sláinte ***agus na saoránach, trí bhearta feabhsaithe oideachais, oiliúna agus feasacht maidir leis an tsláinte (dhigiteach);*** |

**Leasú 181**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe j – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) Tacú le cur in úsáid agus idir-inoibritheacht uirlisí agus bonneagar laistigh de na Ballstáit agus eatarthu, agus le hInstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais; forbairt a dhéanamh ar struchtúir rialachais iomchuí agus ar chórais faisnéise sláinte de chuid an Aontais, ar córais iad a bheidh inbhuanaithe idir-inoibritheach, mar chuid den spás Eorpach le haghaidh sonraí sláinte, agus rochtain agus smacht na saoránach ar a sonraí sláinte a neartú; | (iii) Tacú le cur in úsáid agus idir-inoibritheacht uirlisí agus bonneagar digiteach laistigh de na Ballstáit agus eatarthu, agus le hInstitiúidí, ***gníomhaireachtaí*** agus comhlachtaí an Aontais; forbairt a dhéanamh ar struchtúir rialachais iomchuí agus ar chórais faisnéise sláinte de chuid an Aontais, ar córais iad a bheidh inbhuanaithe idir-inoibritheach, mar chuid den spás Eorpach haghaidh sonraí sláinte ***d'fhonn imlonnú sábháilte agus éifeachtúil IS ó thaobh cúram sláinte lena ndéantar*** rochtain agus smacht na saoránach ar a sonraí sláinte ***a neartú agus a éascú; tacú le glacadh agus cur chun feidhme níos leithne tionscnamh agus tionscadal reatha rathúil maidir le sláinte dhigiteach atá dírithe ar an duine agus maidir le sonraí sláinte;*** |

**Leasú 182**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe j – pointe iv**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) Tacú leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an teilileigheas/teileashláinte, lena n-áirítear trí chumarsáid satailíte le haghaidh ceantair iargúlta, nuálaíocht eagraíochtúil dhigiteach a chothú i saoráidí cúraim sláinte agus uirlisí digiteacha a thacaíonn le cumhachtú an tsaoránaigh agus cúram daonlárnach a chur chun cinn. | (iv) Tacú le ***rochtain agus*** an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an teilileigheas/teileashláinte, lena n-áirítear trí chumarsáid satailíte le haghaidh ceantair iargúlta, nuálaíocht eagraíochtúil dhigiteach a chothú i saoráidí cúraim sláinte agus uirlisí digiteacha a thacaíonn le cumhachtú an tsaoránaigh agus cúram daonlárnach a chur chun cinn; ***rannpháirtíocht othar agus gairmithe cúraim a chur chun cinn ó thaobh comhdhearadh agus comhfhorbairt*** |

***teilileighis/teileashláinte agus réitigh dhigiteacha eile atá soláimhsithe, inrochtana, slán agus éifeachtach.***

**Leasú 183**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe k – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) Teachtaireacht chun ***cosc ar ghalair*** agus stíleanna maireachtála sláintiúla a chur chun cinn, i gcomhar leis na gníomhaithe go léir lena mbaineann ar an leibhéal idirnáisiúnta, ar leibhéal an Aontais ***agus*** ar an leibhéal náisiúnta. | (iii) Teachtaireacht chun ***an tsláinte,*** stíleanna maireachtála sláintiúla ***agus cosc ar ghalair*** a chur chun cinn, i gcomhar leis na gníomhaithe go léir lena mbaineann ar an leibhéal idirnáisiúnta, ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta ***agus*** ar an leibhéal ***réigiúnach***; |

**Leasú 184**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe k – pointe iii a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iiia) Feachtais ardaithe feasachta don phobal i gcoitinne mar aon le spriocghrúpaí agus tionscadail atá faoi stiúir geallsealbhóirí, lena n-áirítear cosc ar bhréagaisnéis agus í a chomhrac;*** |

**Leasú 185**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe k – pointe iii b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iiib) Gníomhaíochtaí cumarsáide chun mífhaisnéis agus bréagaisnéis a chomhrac, amhail bréagnuacht, maidir le cógais, vacsaíní, táirgí íocshláinte, cúiseanna agus cóireáil galar;*** |

**Leasú 186**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe k – pointe iii c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iiic) Cumarsáid le saoránaigh maidir le rioscaí sláinte agus deitéarmanaint sláinte;*** |

**Leasú 187**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe k – pointe iii d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iiid) Cumarsáid, faisnéis agus feachtais feasachta maidir le deonú comhchodanna fola, orgán, fíochán agus ceall a chuireann an pobal ar an eolas faoi a thábhachtaí atá deonú den sórt sin, ó thaobh dlúthpháirtíochta, beartas sláinte agus tairbhí teiripeacha de.*** |

**Leasú 188**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid A – pointe I**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I. Cáilíocht agus iomláine phleanáil ullmhachta agus freagartha an Aontais agus na mBallstát i gcomhair bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte | I. Cáilíocht agus iomláine phleanáil ullmhachta agus freagartha an Aontais agus na mBallstát i gcomhair bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, ***lena n-áirítear táscairí um mheasúnú athléimneachta ar fud an Aontais*** |

**Leasú 189**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid A – pointe II**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| II. Rochtain ar chógais arna n-údarú go lárnach, mar shampla, líon na n-údaruithe dílleachtaí, Táirgí Íocshláinte Ardteiripe, Táirgí Íocshláinte le haghaidh Úsáid Phéidiatraiceach nó vacsaíní, le haghaidh riachtanais nach bhfuil comhlíonta | II. Rochtain ar chógais ***agus feistí leighis*** arna n-údarú go lárnach, mar shampla, líon na n-údaruithe dílleachtaí ***nua agus atá ann cheana***, Táirgí Íocshláinte Ardteiripe, Táirgí Íocshláinte le haghaidh Úsáid Phéidiatraiceach nó vacsaíní, le haghaidh riachtanais nach bhfuil comhlíonta |

**Leasú 190**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid A – pointe III**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| III. Líon na ngníomhaíochtaí agus na ndea-chleachtas atá ag cur go díreach ***le*** | III. Líon na ngníomhaíochtaí agus na ndea-chleachtas atá ag cur go díreach ***le*** |

| | |
|---|---|
| ***SDG 3.4/Ballstát*** | ***baint amach Clúdaigh Sláinte Uilíoch in aghaidh an Bhallstáit*** |

**Leasú 191**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid A – pointe IV**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| IV. An méid atá na Ballstáit ag cur na ***ndea-chleachtas*** chun feidhme | IV. Cur chun feidhme na **g*clár sláinte*** ag Ballstáit AE, ***lena gcuirtear an tsláinte chun cinn, lena gcuirtear cosc ar ghalair agus lena dtugtar aghaidh ar éagothromaíochtaí sláinte*** |

**Leasú 192**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid A – pointe IV a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***IVa. Spás Eorpach Sonraí Sláinte (EHDS) a chur chun feidhme*** |

**Leasú 193**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Líon na nósanna imeachta nua le haghaidh dlús a chur le forbairt agus measúnú cógas le haghaidh mór-riachtanais sláinte poiblí, agus*** |

***teicneolaíochtaí núíosacha á gcur san áireamh***

**Leasú 194**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Líon na mBallstát a bhfuil leibhéal leormhaith de bhonneagar sláinte digití acu*** |

**Leasú 195**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1c. An líon Ballstát a chuir an Taifead Sláinte Leictreonach Eorpach chun feidhme*** |

**Leasú 196**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 1 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1d. Cion de shaoránaigh na mBallstát a bhfuil rochtain acu ar a gcuid sonraí ar*** |

***EHDS, in aghaidh an Bhallstáit***

**Leasú 197**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Líon na ndáileog vacsaíne ***a tugadh amach*** | 3. Líon na ndáileog vacsaíne ***a cuireadh ar fáil de réir cineáil agus de réir Ballstáit*** |

**Leasú 198**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Cuimsiú vacsaínithe, ó thaobh aoise de, agus ó thaobh galair inchoiscthe trí vacsaíniú*** |

**Leasú 199**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Glanráta marthanais cúig bliana, caighdeánaithe de réir aoise, i gcomhair ailse i mbéal na ***broinne, ailse chíche agus*** | 6. Glanráta marthanais cúig bliana, caighdeánaithe ó thaobh aoise de, i gcomhair ailse ***de réir cineáil, aoise,*** |

| | |
|---|---|
| ***ailse chalaireicteach*** | ***inscne agus Ballstáit*** |

**Leasú 200**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Glanráta marthanais cúig bliana, caighdeánaithe ó thaobh aoise de, i gcomhair ailse phéidiatrach de réir cineáil, aoise, inscne agus Ballstáit*** |

**Leasú 201**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 6 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6b. Clúdach scagthástála na gclár scagthástála le haghaidh ailse chíche, ailse i mbéal na broinne agus ailse chalaireicteach, de réir cineáil, aoise, inscne agus Ballstáit*** |

**Leasú 202**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Cóimheas na gClárlann Ailse agus líon na mBallstát a thuairiscíonn faisnéis maidir le hailse i mbéal na ***broinne, ailse chíche agus ailse chalaireicteach*** ag céim na diagnóise | 7. Cóimheas na gClárlann Ailse agus líon na mBallstát a thuairiscíonn faisnéis maidir le hailse ag céim na diagnóise |

**Leasú 203**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7 a. An cóimheas idir ospidéalú le haghaidh cúram maolaitheach agus an toradh i gcás ailse, agus i gcás ailse phéidiatrach, de réir cineáil, aoise, inscne agus Ballstáit*** |

**Leasú 204**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 7 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7b. Cóimheas na gClárlann Ailse Péidiatraí in aghaidh an Bhallstáit agus líon na mBallstát a thuairiscíonn faisnéis maidir le hailse phéidiatrach ag céim na diagnóise*** |

**Leasú 205**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 7 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7c. Leitheadúlacht mórghalar ainsealach in aghaidh an Bhallstáit, de réir galair, inscne agus aoise*** |

**Leasú 206**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 7 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7 d. Ráta básmhaireachta de bharr galar neamhtheagmhálach, caighdeánaithe ó thaobh aoise de, (in aghaidh 100 000 duine), de réir galair*** |

**Leasú 207**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 7 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7 e. Céatadán othar le VEID/SEIF le rochtain acu ar chóireáil leormhaith, de réir Ballstáit, inscne agus aoise*** |

**Leasú 208**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 7 f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***7f. Cion othar eitinne le rochtain acu ar chóireáil leormhaith, de réir Ballstáit, inscne agus aoise*** |

**Leasú 209**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 8. Leitheadúlacht a bhaineann le ***caitheamh tobac*** | 8. Leitheadúlacht ***úsáide tobac, caighdeánaithe ó thaobh aoise de, de réir inscne*** |

**Leasú 228**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***8a. Leitheadúlacht mí-úsáide alcóil, caighdeánaithe ó thaobh aoise de, de réir inscne agus aois*** |

**Leasú 210**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Líon na nganntanas cógas i ***líonra an phointe teagmhála aonair*** | 9. Líon na nganntanas cógas sna ***Ballstáit*** |

**Leasú 211**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9a. Gníomhaíochtaí atá dírithe ar tháirgeadh APInna agus táirgí íocshláinte bunriachtanacha sa AE a spreagadh*** |

**Leasú 212**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***12a. Úsáid fhrithmhiocróbach de réir cineál Ceimiceach Teiripeach Anatamaíoch agus in aghaidh an Bhallstáit*** |

**Leasú 213**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 12 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***12b. Básmhaireacht inchurtha i leith ionfhabhtú bainteach leis an gcúram sláinte, de réir aoise, inscne agus Ballstáit*** |

**Leasú 214**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 12 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***12c. Básanna inseachanta a cuireadh i leith galar cardashoithíoch, ailse, diaibéitis, blianta saoil a choigeartaítear ó thaobh an mhíchumais de atá inchurtha i leith galair neamhtheagmhálacha agus blianta saoil a choigeartaítear ó thaobh cáilíochta de, galar riospráide ainsealach, le haghaidh daoine níos óige ná 75 bliana d'aois, de réir inscne agus Ballstáit*** |

**Leasú 215**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 13. Líon na n-aonad ***ospidéil*** atá páirteach i líonraí tagartha Eorpacha agus líon na n-othar a fhaigheann diagnóisiú agus cóir ó bhaill de líonraí tagartha Eorpacha | 13. Líon na n-aonad ***sláinte*** atá páirteach i líonraí tagartha Eorpacha agus líon na n-othar a fhaigheann diagnóisiú agus cóir ó bhaill de líonraí tagartha Eorpacha |

**Leasú 216**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***14a. Líon na measúnuithe tionchair sláinte ar bheartais an Aontais*** |

**Leasú 217**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 14 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***14b. Leitheadúlacht murtaill caighdeánaithe ó thaobh aoise de, de réir inscne agus Ballstáit*** |

**Leasú 218**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 14 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***14c. Cóimheas na mortlaíochta máthartha, de réir aoise agus de réir Ballstáit*** |

**Leasú 219**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 14 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***14d. Ráta mortlaíochta naíonán de réir Ballstáit*** |

**Leasú 229**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – cuid B – pointe 14 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***14e. Básanna, caighdeánaithe ó thaobh aoise de, atá inchurtha i leith thruailliú an chomhshaoil (in aghaidh 100 000 duine), de réir inscne agus aoise*** |